




Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2021





Teideal Íomhá an Chlúdaigh Thosaigh: Sfalairít Collachruthach

Buaiteoir Íomhá Thaighde FEÉ na bliana 2021: Aileen Doran, Taighdeoir Iardhochtúireachta, iCRAG FEÉ - Ionad do Thaighde Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Cur Síos ar an Íomhá: Seo sampla de sfalairít collachruthach ón fhosú an Lisín, deisceart na hÉireann. Bhí mianach an Lisín, a dhruideadh in 2015, ar an dara fhosú táirmhiotail is mó in Éirinn, agus rinneadh mianadóireacht ar chun sinc agus luaidhe a fháil. Is ionann sfalairít agus mianra méine na sínce, atá ina mhíotal luachmhar le haghaidh cuid teicneolaíochtaí glasa (m.sh. tuirbíní gaoithe, painéil ghréine). Tá Éire ar cheann de na soláthraithe sínce is mó san Eoraip faoi láthair. Is minic a bhíonn uigeacht cosúil le fás collachruthach le feiceáil ar sfalairít, agus de ghnáth bíonn éagsúlachtaí maidir le dath bainte le héagsúlachtaí na riandúl. Glacadh an íomhá seo le húsáid micreascóp solais tarchurtha ag Scoil na Domhaneolaíochta de chuid COBÁC. Is féidir sampla de chriostail dolaimítí dubha dea-fhorbartha a fheiceáil leis an tsampla seo, mar aon le píosa cailcíte. Tá baint ar leith ag áiteanna de mhaitrís dubha breisiacha (BMB) le mianrú Sínce go Luaidhe na hÉireann, ag cruthú fáinne thar an mhianrú go mion, agus bíonn clastáin de charbónáití eile ó mhiancheantar na hÉireann ar fáil iontu (m.sh. dolachloch réigiúnach). Trí íomháú lonrachta Catóide (CL) a úsáid, is féidir linn staidéar a dhéanamh ar thréithe lonrachta na gcriostal seo a fhad is go mbeadh tuiscint níos fearr againn ar a gcuid foirmíochtaí.

Clár na nÁbhar

Príomhstaitisticí 2021	2
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	7
Bliain faoi Athbhreithniú	8
Taighde thar Cionn	14
Tallann agus Scileanna thar Cionn	20
Oideachais agus Rannpháirtíocht Phoiblí	24
Lorg Domhanda	27
Iomaíochas a chur chun cinn trí Taighde	31
An tEolas is Deireanaí faoi Bheartas FEÉ	40
Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla	42
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	58
Punann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Úra	85
Ceangaltais Deontas agus Anailís ar Íocaíochtaí	105
Painéil Phiarmheasúnaithe FEÉ	111

Eolas faoi Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (ETIM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn. Chomh maith leis sin cuireann sé oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus tacaíonn sé leis chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus chun tacú le todhchaí gairmeacha STEM. Féach www.sfi.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Maoinímid taighde lena ndéantar fíordhifríocht dár sochaí agus dár ngeilleagar, anois agus amach anseo araon – bí páirteach sa chomhrá ar líne ag [@Scienceirel](https://twitter.com/AgMúnluÁrdTodhchaí)

Príomhstaitisticí 2021

Eolaíocht den Scoth

Tá Éire¹... **14** i rangú domhanda eolaíochta

Tá Éire rangaithe¹...

2ú Imdhíoneolaíocht 

3ú Na hEolaíochtaí Talmhaíochta 

3ú Néareolaíocht agus Iompraíocht 

6ú Eolaíochtaí na nÁbhar 

Tá Éire²...

1ú Ar domhan le haghaidh scaipeadh faisnéise

5ú Maidir le tógáil isteach faisnéise

10ú Maidir le tionchar faisnéise

24

de na taighdeoirí is mó luaite ar domhan, fuair siad maoiniú ó FEÉ

5,384 foilseachán tuairiscithe

Tá seans 2.5 uair níos mó ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag FEÉ ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda³

Tallann agus Scileanna

40,595

Post tacaíthe, go díreach nó go hindíreach, in Éirinn

2,111

Mac léinn iarchéimí tacaíthe

5,647

Duine ag obair ar thionscadal a dtacaíonn FEÉ leo

4,389

Gníomhaíochtaí EPE curtha i gcrích ag taighdeoirí atá maoinithe ag SFI



¹ InCites le Clarivate Analytics


² Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2021

³ Is ionann scothfhoilseacháin agus foilseacháin atá sa chéad 1% de na foilseacháin is mó luaite, go domhanda

Iomaíochas a chur chun cinn


€64m
Maoiniú ó Thionscal


204
Nochtadh airgeán


13
Mac-chuideachta


3,092
Ceapacháin tionscail


68
Paitinn comhdaithe


47
Paitinn dáfa

Luach ar airgead

Ó **€222m**, gearáil infheistíochtaí FEÉ:

€234m Maoiniú seachtrach iomlán
lena n-áirítear

€164.5m Maoiniú iomlán nach státchiste
lena n-áirítear

€82m a gnóthaíodh ón AE


5 ERC dámhachtainí

Forbairt Réigiúnach

1,542 Comhoibriú réigiúnach tionscail in Éirinn

739 Comhoibriú le Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN)

803 Comhoibriú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM)



Lorg Domhanda




5,708 comhoibriú idirnáisiúnta in **84** tír

71% de chomhoibritheIs idirnáisiúnta iad **71%** idir-acadúla

Cómhainithe ag Clár Cosáin FEÉ-CTÉ

Fógraíodh comhinfheistíocht, cómhainithe ag an FEÉ agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ), de mhéid €23 milliún chun tacú le taighdeoirí iardhochtúireachta go mbeidh siad ina gceannasaí taighde. Mar chuid den Chlár Cosáin FEÉ-CTÉ, beidh 40 taighdeoir luathghairmeacha, faoi réir ag na disciplíní ar fad, in ann tionscadail cheannródaíthe a fhorbairt thar thréimhse cheithre bliana agus cinnteoidh siad go mbeidh aontacht níos fearr i gceist le hinstiúidí taighde feidhmiúcháin na hÉireann.




Ag múnlú ár dTodhchaí

Thosaigh FEÉ comhrá náisiúnta ar chúrsaí taighde agus iad ag obair i gcomhpháirt le breis agus 80 Roinn Rialtais, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí ionadaíochta sochaíocha. Bhí muintir na hÉireann spreagtha chun a gcuid smaointí a roinnt le taighdeoirí ar ábhair ar chóir do thaighdeoirí aghaidh a thabhairt chun todhchaí níos fearr a chruthú. Cuireadh níos mó ná 18,000 aighneacht ar aghaidh idir mhí Iúil agus Mí na Samhna 2021. Gineadh smaointe trí chomhráite ar chúrsaí ról an taighde agus seo ag titim amach ar bhreis is 1,500 éacht tobsmaoinimh idir ar líne agus beo, lena n-áirítear seónna bóthair a tharla i ngach contae in Éirinn.




Maoinithe bunaithe ar dhúshlán

Bhuaigh an tionscadal TAPAS ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh duais de mhéid €1 milliún sa Duais FEÉ maidir le Nuálaithe sa Todhchaí: Dúshlán maidir le hIntleacht Shaorga ar son leas an tSochaí, agus mar aon le sin, bhuaigh an tionscadal Feirm shaor ó Astaíochtaí ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath duais de mhéid €2 milliún faoin Dúshlán maidir le Saor ó Astaíochtaí. Seoladh dúshlán nua i bhfoirm €2.47 milliún i gcomhpháirt le Cúnamh Éireann, chun réitigh, a bheas ag déanamh tairbhe do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, a fhorbairt. Seoladh dúshlán nua i gcomhoibriú leis an Eagraíocht Chosanta chomh maith. Chuaigh ocht bhfoireann faoi dhúshlán sna réimsí cur amú bia agus plaistigh ar aghaidh. Sa bhliain 2021, ceapadh an FEÉ a fhad is go raibh siad in ann maoiniú dúshlán-bhunaithe ar scála náisiúnta a dhearadh agus a chur i gcrích faoin Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, chun é a sheoladh in 2022.



Teorainneacha FEÉ don Todhchaí

Bhí €47 milliún infheistithe thar 70 deontas chun tacú a thabhairt do thaighdeoirí neamhspleácha thar barr ar fad, mar thoradh ar an chlár um Theorainneacha FEÉ don Todhchaí. Is mar gheall ar seo go gcuirfear deiseanna ar fáil do thaighdeoirí luathghairmeacha agus do cheannasaithe seanbhunaithe araon aghaidh a thabhairt ar a gcuid tionscadal taighde ardríosca ardcúitimh. Tá sé ar fáil i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), thar naoi nInstitiúid ardoideachais ar fad. Beidh taighdeoirí na mban i gceannas ar 46% de na deontais taighde agus beidh 33% de thaighdeoirí atá ag teacht chun cinn chomh maith.



An chéad bhean ceaptha mar Ollamh an Taighde FEÉ

Tugadh Ollúnacht Taighde FEÉ mór le rá don Ollamh Dimitria Psychogiou toisc go raibh sí ar thús cadhnaíochta i gclár taighde ceannródaíoch ag Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh araon. Is saineolaí chun tosaigh ar leibhéal domhanda i gcúrsaí radaimhinicíochta agus cumarsáid gan sreang í, agus beidh ról lárnach ag a taighde chun bonneagar banda leathan gan sreang ar chostas íseal a leathnú, beart a gcuirfear le rochtain an phobail ginearálta roimh sheirbhísí digiteacha agus idirlíon.



Seoladh Cuallacht TF agus N de chuid Tionscail FEÉ

Seoladh Cuallacht RD agus I de chuid Tionscail FEÉ in 2021, chun tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht (TF agus N) i dtionscal. Óstálfaidh comhlachtaí an domhain saineolaí taighde ar leibhéal PhD chun taighde ceannródaíche eolach faoin tionscal agus comhroinnt eolais a éascú. Baineadh seacht nduais is fiche amach in 2021, a bhí cómhaoinithe ag an tionscal, thar raon mór de réimsí taighde lena n-áirítear micribhitheolaíocht, réaltacht fhíorúil (RF), biteicneolaíocht, creimeadh cósta, ailse chíche, teiripe fhótadinimiciúil agus eile.

TAIGHDE THAR CIONN

ARDCHUMAS

Ráiteas an Chathaoirligh

An tOllamh J. Peter Clinch,

Cathaoirleach an Bhoird, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



Bhí 2021 ina bhliain chinníúnach do FEÉ, agus ár straitéis suas go dtí 2025 seolta againn, *Ag Múnlú Ár dTodhchaí*. Ag an tseoladh, bhí onóir agam an Taoiseach, Micheál Martin, TD a chur i láthair, agus fáilte a chur roimh Simon Harris, TD an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Leagtar plean uailmhianach amach sa straitéis FEÉ, plean a dhíríonn isteach ar ár n-ábhair chun rathúnas na hÉireann agus a muintir a fheabhsú. Déanaimid seo trí thaighde thar cionn a thacú, trí dhéine nuálaíochta sa chrios fiontraíochta a chur chun cinn, agus trí thaighdeoirí a chúnaimh chun dul i ngleic le príomhdhúshláin shochoaíochta. Cinntíonn an dá philéar den Straitéis seo, *Ag Cur Inniu agus Ag Ullmhú d'Amárach*, go n-éiríodh an toilleadh taighde atá tógtha againn do mhuintir na hÉireann, agus ag an aon am céanna, bíonn muid in ann na síolta maidir le féidearthachtaí sa todhchaí a chur agus Éire a chur chun tosaigh mar cheannasaí nuálaíochta domhanda.

Bíonn ár bpobail taighde baile agus idirnáisiúnta i gcónaí de mo spreagadh, go háirithe as a gcuid freagra roimh COVID-19, agus iad ag obair go díograiseach chun an dúshlán láithreach is mó dá bhfaca muid a shárú. Rinne siad sin seo trí bhealach go n-ardaíodh tábhacht na heolaíochta ó thaobh feasacht an phobail de. Léiríodh go bhfuil géarghá ann d'éiceachóras taighde a bhfuil acmhainní cearta leis mar gheall ar a gcuid iarrachtaí. Ní mór dúinn ceachtanna ar fhreagairt na paindéime a fhoghlaim, chomh maith leis an ghá chun bunsraith taighde láidir a fháil, agus dúshláin choimpléascacha dosheachanta eile le sárú againn, lena n-áirítear an t-athrú digiteach agus an t-athrú go glas.

Ba mhaith liom agus leis an Bhord ár moladh agus ár mbuíochas a ghabháil leosan uile thar an roinn ardoideachais agus taighde as a gcuid tiomantais le linn na bliana agus as a gcuid páirtíocht a dhéanamh linn. Tá muid ag súil le bheith ag comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara san iomlán le linn 2022 agus an straitéis á gcur i bhfeidhm againn.

In 2021, threisigh FEÉ €234 milliún i dtreo maoinithe seachtrach agus €164.5 milliún i dtreo maoinithe neamh-Stáitchiste, ó infheistíocht bhunúsach de €222 milliún. Fuair taighdeoirí FEÉ-bhunaithe breis agus €80 milliún ón AE, breis agus €63 milliún ó fhiontar príobháideach, chomh maith le €30 milliún ó Fhiontraíocht Éireann.

Tá tionchar thaighde na hÉireann ar chúrsaí an gheilleagair agus ar an tsochaí le feiceáil fud fad na tíre. Amach ó 1,542 rannpháirtíocht tionscail réigiúnacha, bhí 739 bainte le comhlachtaí ilnáisiúnta agus an 803 eile bainte le fiontair bheaga agus meánacha. Leathadh gach rannpháirtíochta seo amach in Éirinn ar fad, lena n-áirítear Tuaisceart na hÉireann. Tacaíodh le breis is 40,000 post, idir dhíreach agus indíreach sa bhliain 2021. D'obair 5,647 duine le tionscadail tacaíthe ag an FEÉ agus thacaigh FEÉ le 2,111 mic léinn taighde iarchéime chomh maith.

Tá bród an domhain agam agus ar an Bhord as an chúnaimh seo do gheilleagair na hÉireann agus don tsochaí san iomlán. Tá muid bródúil as an Ghníomhaireacht agus a gcuid baill fhoirne. In ainneoin staideanna dúshlánacha go mór, sheol muid straitéis uailmhianach nua, d'obair muid i gcomhpháirtíocht le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí (ar scála náisiúnta agus idirnáisiúnta), d'ardaigh muid rannpháirtíocht an phobail leis an *fheachtas 'Ag Múnlú Ár dTodhchaí'*, agus sheol muid cláir chun toilleadh taighde a thógáil thar éiceachóras taighde s'againn.

Is mór an dea-theist a ghabhaim leis na baill fhoirne den scoth atá ag FEÉ, agus an fhoireann bhainistíochta sinsearach atá i mbun, agus an tOllamh Mark Ferguson a bhí i gceannas le deich mbliana anuas, agus a chríoch mar Ard-Stiúrthóir sa bhliain 2021. Bhí ról lárnach a thionscain bunathrú ag Mark maidir le forbairt agus rath an FEÉ le deich mbliana anuas agus beidh an Bord i gcónaí faoina chomaoin ó thaobh cúrsaí eolaíochta na hÉireann de.

Bhí 2021 ar an bhliain inar cheangal muid go hoifigiúil leis an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ba mhaith liom buíochas eile a ghabhail leis an Aire Harris, agus leis a chuid oifigigh as a dtacaíocht díoghbháilte do FEÉ, mar aon leis a gcomhairle chríonna le linn na bliana. Sheol muid cuardach domhanda le haghaidh ceannasaí nua FEÉ i mbliana chomh maith. Tá luchtáir orm a fhógairt, go mbeidh an tOllamh Phillip Nolan linn mar Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta nua in 2022. Tá mise agus an Bord ag tnúth go mór le rathúnas an FEÉ, agus muid ag dul ó neart go neart faoi cheannas Phillip.

An tOllamh J. Peter Clinch

Cathaoirleach Bhoird
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Ráiteas an Aird-stiúrthóir

An tOllamh Phillip Nolan,
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



Rith ceist na heolaíochta, an taighde agus na nuálaíochta ar fad go mór linn ar na mallaibh, go háirithe trí fhreagairt s'againn a bhí ar an phaindéim COVID-19, agus an tionchar atá bainte leo ar bhonn laethúil. Is mór an pléisiúr é, sa chomhthéacs seo, buanna agus tionchar ár dtaighdeoirí agus ár dtionscadail (arna mhaoiniú ag FEÉ) a liostaigh inár dTuarascáil Bhliantúil, chomh maith le hábhair agus buanna na gníomhaireachta féin. Bíonn torthaí an taighde agus na nuálaíochta le feiceáil sa Tuarascáil seo, go háirithe an dóigh ina n-athraítear saol an domhain de dheasca orthu.

Is onóir ollmhór é le bheith ceaptha i m'Ard-Stiúrthóir FEÉ agus ba mhaith liom mo dhea-theist a ghabhail leis an Ollamh Mark Ferguson as a chuid stiúrach le deich mbliana anuas. Is é FEÉ a bhí (agus atá) i gceannas ar athrú tírdhreacha taighde na hÉireann, agus iad ag urrú taighde shármhaith i gcomhar le sochair ríthábhachtacha éiceolaíochta, sochaíochta agus eacnamaíochta.

Is ionann príomhchuspóir FEÉ agus taighde agus tallann thar cionn a mhaoiniú, taighde agus tallann a bheas páirt mhór ar athmhúnlú ár dtodhchaí agus a bheas ag seasamh do thosaíochtaí gach saoránaigh, mar aon le folláine shochoíoch, eacnamaíoch agus éiceolaíoch na ndaoine. Clúdaítear raidhse agus éagsúlacht ár dtallann taighde, chomh maith le caighdeán, tábhacht, luach agus tionchar an taighde ar aon nós, sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Seasann comhoibriú le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile mar bhunús an ratha atá againn. Lean muid ag obair leis an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ), agus d'éirigh linn tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí iardhochtúireachta a fhad is go raibh siad in ann a bheith ina gceannasaithe taighde neamhspleácha mar gheall ar an Clár cosáin FEÉ- CTÉ nuabhunaithe.

Chomh maith le sin, chuaigh muid i bpáirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFÍÉ) trí Chlár teorainneacha FEÉ le haghaidh na Todhchaí agus d'fhógair muid páirtíocht nua le Sláinte Leanáí Éireann. In 2021, seoladh clár dhúshláin maoinithe nua i gcomhar leis an Eagraíocht Chosanta agus le Cúnamh Éireann chomh maith.

Ar bhonn idirnáisiúnta, lean muid ag obair le páirtithe dá leithead an Fhondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (an FEN), Taighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe (TNRA), an Cumann Ríoga agus Institiúid Náisiúnta na nEolaíochtaí Sláinte (INES).

Tar éis straitéis nua dár gcuid 'Ag Múnlú Ár dTodhchaí' a fhoilsiú, tá dul chun cinn nach beag déanta orainn ar cuid de na gníomhaíochtaí a ghabhann leis. Bhí muid in ann an chéad chéim maidir le 'Ag Múnlú Ár dTodhchaí' a chur ar an fhód, thar ceann an Rialtais, agus bhí sin ina chuidiú roimh spreagadh ar chomhrá náisiúnta an taighde in Éirinn, agus tháinig smaointe, thar 18,000 aighneacht ar fad, chun cinn ar na rudaí is tábhachtaí do dhaoine agus do phobail araon. Spreagfaidh na smaointe seo gach taighde san am amach romhainn, agus leanfaidh muid leis an chóras seo chun páirt a thabhairt don phobal.

I mí Mheán Fhómhair 2021, d'fhógair an Rialtas a gcuid Plean maidir le Téarnamh Náisiúnta agus Seasmhacht (ceadaithe ag an AE). Clúdaítear go mbeidh €70 milliún i maoiniú dúshláin le bheith riartha ag FEÉ. Tríd an Chiste Dúshláin Náisiúnta, oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht leis an Rialtas agus a gcuid gníomhaireachtaí, chun taighde a mhaoiniú agus a luathú, a fhad is go dtabharfar aghaidh ar dhúshláin náisiúnta i bhfoirm Athrú go Glas agus an tAthrú Digiteach.

Tá féidearthachtaí ollmhór ar fad ar na bacáin gan dabht, agus ní mhoilleofar aon rud de thairbhe luas na bhfionnachtana agus nuálaíochta atá ag dul i méid i gcónaí. Tá páirt mhór le himirt ar eagnaí an taighde, chomh maith le fuinneamh na nuálaíochta, maidir le todhchaí níos sláintiúla, níos cothroime, níos uilechuimsithí agus níos inmharthana ar fad a mhúnlú. Agus muid ag díriú ar bharrfheabhas a bhaint amach i gcúrsaí taighde, chomh maith leis an athrú a ghabhann leis maidir le sócmhainní inlámhsithe a fháil dár ngeilleagar agus dár sochaí, tá sé mar aidhm againn ár n-áit a dhaingniú mar cheannaire nuálaíochta domhanda i gcúrsaí eolaíochta gus innealtóireachta, agus le cinntiú go n-imreoidh Éire a páirt chun dul i ngleic leis na dúshláin choimpléascacha atá in ann dár sochaí faoi láthair. Tá mé ag tnúth le bheith ag obair leis an Bhord FEÉ, le mo chomhghleacaithe i bhFEÉ agus leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta eile, i dteannta lenár ranna taighde, ardoideachas agus poiblí chomh maith lenár bpáirtithe sochaíochta sibhialta agus muid ag dul i dtreo na sprice uaillmhianáí seo.

Tá díograis agus díocas ár bpobail taighde, chun sármhaitheas agus difríocht a dhéanamh ar bhealaí nuálacha cruthaitheacha, feicthe agam go pearsanta féin. Ba mhaith liom tallann thar cionn ár bpobail taighde a aithint, mar aon lena dtiomantas doimhne roimh chúrsaí taighde, rannpháirtíochta agus comhoibrithe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus lenár bpáirtithe ón saol acadúil, ón tionscal agus ón rialtas ar fad as a gcuid tacaíochta agus comhoibriú leanúnach.

Ba mhaith liom tacaíocht leanúnach an Rialtais do FEÉ a aithint chomh maith, tacaíocht a dtagann ón Taoiseach Michael Martin, TD agus ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD.

Faoi dheireadh na dála, gabhaim mo bhuíochas le Cathaoirleach an Bhoird, an tOllamh Peter Clinch, le baill an Bhoird FEÉ agus lenár mbaill fhoirne as a gcuid tiomantais, a gcuid proifisiúntachta agus a gcuid díograise.

An tOllamh Phillip Nolan,
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

2021

Bliain faoi Athbhreithniú

Mí Eanáir

- ▶ Sheol iCRAG, Ionad Taighde le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha de chuid FEÉ, i gcomhar le hAontas Idirnáisiúnta na hEolaíochta Geolaíochta, [Sraith Léachtaí UNESCO ar líne ar Ábhair Chrémaidir le Sochaí Inmharthana agus Rathúil](#).



Pléadh an smaoineamh go mbeidh cannaí alúmanaim brúite fóirsteanach le húsáid mar bhloic thógála, mar aon le todhchaí an tsoláthair miotail, le linn na sraithe léachta UNESCO. Íomhá: Gary Kavanagh, iStock.



Is é an tOllamh Abhay Pandit, Stiúrthóir an Ionaid Taighde CÚRAM FEÉ le haghaidh Feistí Leighis ag OÉG, an té i mbun an tionscadail hidreaghlóthaí in-insteallta.

Mí Feabhra

- ▶ D'fhorbair taighdeoirí CÚRAM, an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis (lonnaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus taighdeoirí den tsaotharlann BIOFORGE (Ollscoil Valladolid na Spáinne), [hidreaghlóthach in-insteallta](#) a thiocfadh damáiste mhatáin an chroí a tharlaíonn tar éis taom croí a dheisiú agus fiú a sheachaint san iomlán.

- ▶ Sheol an CLG, Scoil na Sláinte agus na Feidhmíochta Daonna de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) agus an tIonad Taighde FEÉ d'Anailísíochta Sonraí 'Insight' an tsraith 'Ag Bogadh Go Maith - Ag Mothú Go Maith', déanta amach ó [acmhainní ar bhonn fianaise](#) chun bunscileanna gluaiseachta na bpáistí a fheabhsú

- ▶ Thit Seachtain na nInnealtóirí 'STEPS', maoinithe ag Clár Aimsiú de chuid FEÉ, [amach idir an 27ú Feabhra agus an 5ú Márta](#), ag ceiliúradh an domhan cruthaitheach gan teorainn bainte leis an innealtóireacht.



Pictiúr de Ali Knight agus Mark Langtry ag Explorium, Baile Átha Cliath, i rithe seachtain na nInnealtóirí STEPS 2021 d'Innealtóirí na hÉireann.

2021 | Bliain faoi Athbhreithniú

Mí an Mhárta

- Sheol an Taoiseach Micheál Martin, TD, agus Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta [straitéis nua FEÉ suas go 2025](#). 'Ag Múnú Ár dTodhchaí.



Taoiseach Micheál Martin, TD, agus é ag seoladh Straitéis FEÉ i lár imeacht fíorúil.

- Bhronn an Taoiseach Micheál Martin, TD, [an Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig mór le rá](#) ar an Ollamh William C Campbell, duine a fuair an Duais Nobel i bhfiseolaíocht agus leigheas sa bhliain 2015, agus ar an Uasal Vincent T Roche, Uachtarán agus Oifigeach Feidhmiúcháin de Analog Devices, Inc. Féach ar an fhíseán [Oinigh an Taoisigh maidir le Ceannairí Diaspóra na hÉireann](#)

- Fógraíodh comhinfeistíocht de €13.5 milliún tríd [an chlár taighde agus forbairt de chuid Tríchodach-SAM-Éire](#) agus é ag tacú le seacht nduais agus 60 post taighde, thar 14 institiúid taighde ar fad.
- Foilsíodh an Baraiméadar de chuid FEÉ maidir le hEolaíocht in Éirinn, [ag cur i gcéill go raibh 94% den daonra den tuairim go bhfuil tábhacht ar leith leis an eolaíocht.](#)

- D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, go raibh [infheistíocht de €5.2 milliún ar fail do 49 tionscnamh rannpháirtíochta poiblí agus oideachais mar pháirt do 'Fionn FEÉ' a fhad is go dtiocfadh feabhas ar thuiscint an phobail san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic \(STEM\).](#)



Bhí an clár 'Camáin go Cearnaic' arna threorú ag an Cheoláras Náisiúnta, COBÁC agus CTBÁC mainithe faoi réir 'Aimsiú FEÉ', ag cuidiú le daoine cúrsaí eolaíochta, matamaitice agus ceoil a iniúchadh.


Mí Aibreán

- Sheol 'Confirm', an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh Déantúsaíocht Chliste lonnaithe ag Ollscoil Luimnigh (OL), [Binse Tástála Nuálaíochta gan Sreang sa Todhchaí trí Dhéantúsaíocht Chliste](#) chun aghaidh a thabhairt ar smaointe agus teicneolaíochtaí chun timpeallachtaí déantúsaíochta a fheabhsú.



Déantúsaíocht dhigiteach ag an Ionad Taighde FEÉ 'Confirm' le haghaidh Déantúsaíocht Chliste ag OL. Íomhá: Keith Wiseman.

- Sheol an tIonad Taighde FEÉ VistaMilk, cómhaoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus óstáilte ag Teagasc, [tionscadal nua taighde maidir le ceapadh carbóin dá luach €1.4 milliún](#) i gcomhar le Taighde Déiríochta na hÉireann.




Cúntóir taighde an Ionaid Taighde FEÉ VistaMilk, Aoife Jones, i mbun túir comhathraitheais guairneáin a chur ar shiúil i bportach Shligigh éigin.

Féach ar an fhíseán: [Físeán sheoladh an cheaptha carbóin - YouTube](#)

Mí na Bealtaine

- ▶ D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, [maoiniú i bhfoirm €23 milliún](#) don Chlár Cosáin FEÉ-ITÉ chun tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí iardhochtúreachta le bheith ina gceannasaithe taighde.
- ▶ Sheol FEÉ an taispeántas fíorúil den [Chnuasach Ealaíon ETIEM de chuid FEÉ](#) a fhad is go spreagar daoine faoi thaighde trí chúig shaothar ealaíne coimisiúnaithe, ag meascadh an dá dhisciplín d'eolaíocht agus ealaíon le chéile ag úsáid ETIEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic).



'Shifting Patterns of Light' ón Ealaíontóir David Beattie, i gcomhar leis an Ionad Taighde FEÉ 'FutureNeuro' maidir le Galair Néareolaíochta Ainsealach agus Neamhchoitianta ag Coláiste Ríoga na Máinlea in Éirinn: Ollscoil Leighas agus Eolaíochtaí Sláinte.

Féach ar an fhíseán: [Shifting Patterns of Light i gcomhrá le FutureNeuro agus David Beattie - YouTube](#)

Mí an Mheithimh

- ▶ Fógraíodh an tOllamh Kevin O'Connor agus a Fhoireann 'Feirm Shaor ó Astaíochtaí', COBÁC mar [bhuaiteoirí an Duais Nuálaíochta sa Todhchaí FEÉ dá luach €2 mhilliún](#) agus iad ag iarraidh go mbeidh glanleibhéal nialasach d'astaíochtaí ag an roinn déiríochta faoi 2027. Féach ar an fhíseán: [Feirm Shaor ó Astaíochtaí - YouTube](#)
- ▶ D'fhógair CÚRAM, an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in éineacht le hIonad Scannán na Gaillimhe [clár faisnéise eolaíochta nua faoin fhreagairt pobail MedTech na hÉireann roimh COVID-19](#).



An tOllamh Martin O'Halloran, Imscrúdaitheoir ag an Ionad Taighde FEÉ 'CÚRAM', agus Kevin O'Connell, Bainisteoir Tionscadail Chliniciúil agus Fisiteiripeoir Sinsearach ag Otharlann na hOllscoile, Gaillimh, agus iad sa chlár faisnéise 'Eolaíocht ar Scáileán'.

2021 | Bliain faoi Athbhreithniú

Mí Iúil

- ▶ Sheol an Taoiseach Micheál Martin TD agus Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta [an feachtas 'Ag Cruthú ár dTodhchaí'](#), chun smaointe a fháil ón phobal maidir le rudaí ar chóir do thaighdeoirí aghaidh a thabhairt.

Féach ar an fhíseán [anseo](#).



Pictiúr den Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD le Julie Byrne, Ceannasaí Domhanda de Shaotharlanna Nokia Bell agus Cathaoirleach den Fhóram Comhairleach 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí', agus an Taoiseach Micheál Martin TD.



An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, ag oscailt Féile na Fiosracha, 2021.

- ▶ Thit Féile na Fiosracha, tacaíthe ag Aimsiú - FEÉ [amach ar líne](#), do dhaoine ar gach uile aois ina gclúdaítear bealaí fiosracha nua chun eolaíocht, na healaíon, dearadh agus teicneolaíocht a aimsiú.

- ▶ Seoladh cláir bunaithe ar dhúshlán nua i bpáirtíocht leis an [Eagraíocht Cosanta agus Cúnamh Éireann, agus taighdeoirí acadúla in iomaíocht le chéile chun réitigh mhóra roimh fhadhbanna áirithe a fhorbairt.](#)

- ▶ Fógraíodh an tionscadal TAPAS, cómhaoinithe ag Cúnamh Éireann faoi pháirtíocht FEÉ leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, [mar bhuaiteoir an Duais Nuálaíochta sa Todhchaí FEÉ: Dúshlán AI le haghaidh Leas na Socháí.](#)

Mí Lúnasa

- ▶ Fógraíodh trí Chomhalta Taighde Ollscoile den Chumann Ríoga FEÉ, [agus iad ag tacú le heolaithe luathghairmeacha den scoth fud fad na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ar fad](#) chun taighde nuálach agus ceannródaíoch a leanúint.



Bronnadh comhaltacht taighde ollscoile den chumann ríoga FEÉ ar Dhochtúir Christiana Pantelidou, COBÁC.

2021 | Bliain faoi Athbhreithniú

Mí Mheán Fómhair

- ▶ Sheol OÉ, Gaillimh [an comórtas físeáin eolaíochta tras-teorainn](#) i bhfoirm EOLAÍOCHT ReelLIFE do dhaoine óga, arna thacú ag Fionn FEÉ.
- ▶ Cuireadh tús leis an tseó bóthar ‘Ag Cruthú Ár dTodhchaí’, agus tugadh cuairt ar gach contae in Éirinn chun na pobail ar fad a spreagadh i dtreo a gcuid smaointe a roinnt le taighdeoirí.




Veain Chaife an tseó bóthair ‘Ag Cruthú Ár dTodhchaí’.



Sa phictiúr (c-d): Ard Mhéara na Gaillimhe, Colette Connolly, Dr Nóirín Burke ó Atlantaquaria na Gaillimhe, an scannánóir Ken O’Sullivan agus an tOllamh Abhay Pandit, Stiúrthóir CÚRAM, OÉ Gaillimh. Íomhá: Aengus McMahon.

- ▶ Sheol an tIonad Taighde FEÉ d’Fheistí Leighis ‘CÚRAM’ (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) taispeántas poiblí ag Atlantaquaria na Gaillimhe chun dóigh [ar féidir le hacmhainní mara a bheith ina chuidiú roimh thaighde na bhfeistí leighis](#).



An tOllamh Marco Ruffini (clé), ón Ionad Taighde FEÉ ‘CONNECT’ ag CTBÁC, agus Dr Robin Giller, Intel. Íomhá: Paul Sharp/Sharppix.

Mí Dheireadh Fómhair

- ▶ Thit Seachtain na Matamaitice in Éirinn (maoinithe ag FEÉ), amach idir 16 agus 24 de mhí Dheireadh Fómhair agus é ag díriú ar dhraíocht agus cumhacht na matamaitice.
- ▶ Shínigh [Intel Ireland conradh taighde dá bhliain](#), agus iad le díriú ar líonraí optúla 5G, i gcomhar leis an Ionad Taighde FEÉ do líonraí agus cumarsáid sa todhchaí darb ainm ‘CONNECT’ ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

2021 | Bliain faoi Athbhreithniú

Mí na Samhna

- ▶ Bhí cúis ceiliúrtha ag Seachtain na hEolaíochta agus 26 bliain cáite ar an fhód acu. ‘Ag Cruthú Ár dTodhchaí’ an téarma a bhí ann i mbliana. Thit féilte eolaíochta agus na céadta eachtraí fíorúla amach ar bhonn náisiúnta, agus bhí tacaíocht láidir acu ó RTÉ. Féach ar an fhíseán [anseo](#).
- ▶ Seoladh clár taighde FEÉ ‘Cumasaigh’ agus é ag tacú le taighde a bheas ag seasamh an aimsir maidir le gach sreafa sonraí an AE agus a bheas ag feabhsú cúrsaí cosanta sonraí san iomlán.
- ▶ Thug BBC spotsolas domhanda do thaighde ó iCrag (an tlonad Taighde FEÉ le haghaidh Geo-Eolaíochtaí Feidhmeacha), i-Form (an tlonad Taighde FEÉ d’Ard-Déantúsaíocht) agus Lero (an tlonad Taighde FEÉ maidir le Bogearraí) ina sraith clár ar líne - ‘[Unlocking Science](#)’.



Pictiúr den Aire Simon Harris, TD, agus roinnt daltaí scoile ag seoladh na Seachtaine Eolaíochta 2021.



Ella Kennedy agus Aimee Popescu ó Choláiste N. Leo, Ceatharlach agus iad páirteach san imeacht ISS Glaioigh ón Spás. Íomhá: Mary Browne.

- ▶ Bhain céad mic léinn ó Cheatharlach an-sult as fís-glaioigh [beo le spásaire ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa agus é ag feidhmiú ar bhord an stáisiúin spáis idirnáisiúnta \(ISS\)](#). Bhí an t-imeacht comh-eagraithe ag Clár ESERO na hÉireann de chuid FEÉ.

- ▶ Aithníodh Brian Corbett, Imscrúdaitheoir Príomha ag an Ionad Taighde FEÉ do chúrsaí fótónaice (Institiúid Náisiúnta Tyndall, COC) as a chuid ionchuir roimh chúrsaí fisice i gcomhthéacs tionsclaíoch agus tráchtálach araon - agus tugadh Bonn agus Duais Katharine Burr Blodgett in Institiúid na Fisice 2021 air.

Mí na Nollag

- ▶ D’fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn (HSE) agus an tlonad Taighde FEÉ do Theicneolaíocht IS-Tiomanta trí Ábhair Dhigiteacha ag CTBÁC (ADAPT) [comhaontú taighde nua chun luas nuálaíochta an chúraim sláinte a ardú trí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha](#).
- ▶ Sheol an tAire Simon Harris TD, [páirtíocht maoinithe nua maidir le comhtháighde péidiatraiceach idir Fondúireacht Sláinte Leanaí agus FEÉ](#), mar chuid den Chlár ‘Teorainneacha don Todhchaí’.



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Vinny Wade, Stiúrthóir an Ionaid Taighde FEÉ ‘ADAPT’, Trevor O’Callaghan, POF de Ghrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre, an tOllamh Martin Curley, Stiúrthóir an Athraithe Digitigh agus Eolais HSE agus Dr Linda Doyle, Propast CTBÁC.

Taighde thar Cionn

Ag comhoibriú i bpáirtíocht leis na hInstitiúidí Ardoideachais, tacaíonn FEÉ le hionchuir na hÉireann maidir le fionnachtana eolaíochta nua ina n-osclaítear bealaí nuálaíochta nua don saol acadúil, cúrsaí fiontair, an roinn phoiblí, an rialtas, an tsochaí agus níos faide i gcéin.

Bíonn taighdeoirí maoinithe ag an FEÉ, ó thaighdeoirí aonarach go hlonaid Taighde FEÉ ar scála mór, ar thús cadhnaíochta nuair a bhíonn réitigh de dhíth ar na dúshláin is mó in Éirinn agus fiú an domhan. Bíonn taighdeoirí tacaíthe-FEÉ ag tionscnamh fionnachtana agus eolais, agus ag teacht ar shócmhainní inlámhsithe a bheas ina dea-thionchar dár sochaí agus dár ngeilleagar, ag cinntiú go mbainfidh muintir na hÉireann ar fad leas as an infheistíocht phoiblí.

Foilseacháin agus Sleachta

In 2021, lean taighdeoirí maoinithe ag FEÉ ar aghaidh ag foilsiú taighde eolaíoch ar leibhéal domhanda, agus 5,384 foilseachán tuairiscithe san iomlán.

Tá 2.5 níos mó seans ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda (bunaithe ar fhoilseacháin sa 1% de na foilseacháin is minice a luaitear, ar bhonn domhanda). Is ionann meán náisiúnta na hÉireann agus 1.9.



5,384

foilseachán tuairiscithe in 2021

Tír	Maoinitheoir	Doiciméid i nGréasán na hEolaíochta	Doiciméid sa chéad 1%
Éire	Uile	256,359	1.88
Éire	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	28,524	2.48
SAM	Uile	12,701,098	1.89
SAM	NSF	838,497	2.92
SAM	NIH	1,937,483	2.95
An Eilvéis	Uile	766,278	2.74
An Danmhairg	Uile	434,276	2.53
Singepór	Uile	324,653	2.55
An Ríocht Aontaithe	Uile	3,676,204	2.03
An Fhionlainn	Uile	331,633	1.93
An Nua-Shéalainn	Uile	255,160	1.91
Iosrael	Uile	383,182	1.81
Mórhír na Síne	Uile	6,060,763	1.24
EU-28	Uile	15,356,848	1.34
AE	An Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET)	142,443	4.20
Global Baseline		48,569,581	1.13

Tábla Rangaithe an Réimse Airithe 2021 ó Chaighdeán an Fhoilseacháin

Tá Éire rangaithe* sa:

Réimse	Céim
Idhíoneolaíocht	2
Na hEolaíochtaí Talmhaíochta	3
Néareolaíocht agus Iompraíocht	3
Cógaseolaíocht agus Tocsaineolaíocht	6
Eolaíochtaí na nÁbhar	6
Micribhitheolaíocht	7
Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Géineolaíocht	7

* Déantar staidrimh rangaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhailiú trí InCites le Clarivate Analytics

Foinse: InCites le Clarivate Analytics



Taighdeoir FEÉ na bliana, an tOllamh William Gallagher, COBÁC.

Gradam Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2021


Aithníodh William Gallagher, Ollamh i mBitheolaíocht na hAilse, COBÁC mar Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2021. Tá a chuid cáile idirnáisiúnta a bhfuil ard mheas air i dtaighde agus i nuálaíocht na hoinceolaíochta dírithe ar dhiagnóisic mhóilíneach.

Is cinnte go bhfuil a ábaltacht chun bithchomharthaí iomadúla le torthaí na n-othar a bhfuil ailse chíce agus ailsí eile acu a aimsiú agus a dhearbhu ar cheann de na príomhghaiscí baint amach aige, mar aon leis an bhealach go mbíonn sé in ann roinnt oibreáin fhrith-ailse nuálacha a shamhlú agus ansin a fhorbairt. Go géar, tá fionnachtana s'aige in úsáid go cliniúil, ag léiriú tionchar an eolais eolaíochta nua seo ar ár sochaí i dtéarmaí cúraim sláinte agus eacnamaíochta araon.

D'fhoilsigh an tOllamh Gallagher 236 lámhscríbhinn phiarmheasúnaithe agus 19,613 sliocht iontu aige agus bhí sé ina chomhbhunaitheoir agus príomhoifigeach straitéise de OncoMark Ltd., comhlacht dírithe ar chúrsaí oinceolaíochta. Tá sé ina imscrúdaitheoir ceannas ar thionscadal de Chlár imscrúdaitheora maoinithe ag FEÉ (OPTi-PREDICT), atá dírithe ar chórais tacaíochta maidir le cinntí cliniúla nuálacha don ailse chíce agus don ailse phróstataigh. Ina dteannta le sin, Tá sé ina Leas-Stiúrthóir de Bheacht-Oinceolaíocht Éireann, Páirtíocht Taighde Straitéiseach FEÉ atá dírithe ar straitéisí agus diagnóisic cóireálacha níos fearr d'othair ailse.

Go géar, tá fionnachtana s'aige in úsáid go cliniúil, ag léiriú tionchar an eolais eolaíochta nua seo ar ár sochaí i dtéarmaí cúraim sláinte agus eacnamaíochta araon.

Sócmaisinní Inláimhsithe:



Grúpa le haghaidh micreaphlaisteach arna stiúradh ag Dr Jing Jing Wang agus an tOllamh John Boland ag an Ionad Taighde FEÉ 'AMBER' le haghaidh Ábhair Shárphorbairtha agus Taighde Bithinnealtóireachta agus CRANN, le comhoibriú ilmheánach ó TrinityHaus agus Scoil na hInnealtóireachta chomh maith Scoil na Ceimice de chuid CTBÁC. Sa phictiúr (c-d): An tOllamh John Boland, Dr Jing Jing Wang, an tOllamh Liwen Xiao, Dr Dunzhu Li, Dr Yunhong Shi, agus Dr Luming Yang. Íomhá: Rachael Kavanagh.

Léiríonn an taighde gur mhaith an chosaint ar mhicreaphlaisteach é an t-uisce buacaire

Léiríodh i staidéar éigin arna fhoilsiú in *Irisleabhar na hInnealtóireachta Ceimice* go bhfuil riandúile agus mianraí áirithe ar fáil in uisce buacaire agus nach ligeann na riandúile / mianraí seo plaistigh a dhíghrádú san uisce agus ansin micreaphlaisteach a scaoileadh anuas ar sin. Comhstiúrtha ag an Ollamh John Boland agus ag Dr Jing Jing Wang (Ionad Taighde FEÉ 'AMBER' le haghaidh Ábhair Shárphorbairtha agus Taighde Bithinnealtóireachta i gCTBÁC agus i gCOBÁC), tháinig siad ar an chinneadh go bhfuil cuid earraí ann cosúil le citil phlaisteacha, a bhíonn in úsáid le huisce buacaire i gcónaí, agus ar féidir leo saghas cóta de chraiceann cosanta a fhorbairt, agus seasann an cóta seo mar chosc iomlán roimh chúrsaí micreaphlaistigh. Féadfar raon mór d'éilleáin cosúil le rianmhiotail agus ceimiceáin orgánacha dochracha a bheith i láthair le micreaphlaistigh.

Úsáideadh uisce glan a bhí sintéisithe i saotharlanna nuair a rinneadh an taighde deireanach ar ábhair na micreaphlaistigh scaoilte, agus ní raibh ceist na n-ian agus an eisíontais a thagann le huisce buacaire pléite. Ní H₂O glan 100 faoin chéad é uisce buacaire a bhfuil riandúile agus mianraí istigh ann iontu.

Agus na dúile seo clúdaithe leis an fhiosrúchán, tugadh le fios go dtugann na mianraí cóta cosanta don phlaisteach agus bíonn siad in ann díghrádú a sheachaint, agus is mar gheall ar sin go mbíonn an tairge saor ó mhicreaphlaistigh.

Nuair a bhíonn dath dúdhonn i gcitil éigin, is léir go bhfuil ocsaíd chopair i gceist-tarlaíonn seo mar gheall ar na mianraí copair in uisce buacaire mar gheall ar na píopaí copair sa teach - rud a thugann cosaint nach beag ann don chiteal. Féadfar cótaí craicne cosanta dá leithead seo a fhás sa tsaotharlann agus ansin é a chur leis an phlaisteach, agus in éadan gá ar bith le fanacht ar cheann a fhoirmiú go nádúrtha. Tá an fhoireann taighde i mbun comórtais sa Dúshlán Plaistigh FEÉ anois a fhad is go bhforbrófar straitéisí a rachadh i ngleic le haois an mhicreaphlaistigh agus a dtabharfar úsáid sábháilte agus ath-chuspóir ar na hearraí plaistigh féin.

Thacaigh FEÉ, Fiontraíocht Éireann, Scoláireacht Scoile na hInnealtóireachta de chuid CTBÁC, Comhairle Scoláireachtaí na Síne agus An Chomhairle um Thaighde in Éirinn leis an fhoireann taighde.

Tagann poitéinseal chun aosú na hinchinne a chasadh thart chun cinn mar gheall ar thaighde na miocrób.




Sa phictiúr (c-d): Dr Thomaz Bastiaanssen, an tOllamh John Cryan, Dr Marcus Boehme agus Katherine Guzzetta ón Ionad Taighde FEÉ Micribhithóm APC na hÉireann ag COC. Íomhá: Clare Keogh.

Tá taighde ón Ionad Taighde FEÉ Micribhithóm APC na hÉireann ag COC, tar éis cur chuige nuálaíochta a chumadh maidir le gnéithe meathlúcháin san inchinn (a bhaineann le haois) a chasadh thart trí mhicrorgánaigh, ná miocróib, sa phutóg.

Foilsíodh an staidéar seo arna dhéanamh ag taighdeoirí sa tsaotharlann Brain-Gut-Microbiota, agus an Príomh-Imscrúdaitheoir agus Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíocht COC, an tOllamh John F. Cryan i gceannas air, san irisleabhar eolaíochta idirnáisiúnta mór le rá darb ainm ‘Nature Aging’.

Home to
**Highly Cited
Researchers**
2021



Le linn 2021, clúdaíodh 24 taighdeoirí - tacaíthe ag FEÉ -- ar liosta is mó tagairt luaite dóibh de chuid anailíse Clarivate. Roghnóidh na taighdeoirí mar gheall ar a bhfeidhmíocht taighde thar cionn, léirithe acu trí chuid mhór páipéir mór tagartha a tháirgeadh, páipéir rangaithe sa chéad 1% de thagairtí sa réimse. Clúdaíodh trí thaighdeoir déag ón Ionad Taighde FEÉ Micribhithóm APC na hÉireann, lonnaithe ag COC agus Teagasc ar an liosta.

Fionnachtain móilín nua spreagtha ag an inchinn

Aimsíodh móilín nua a thiocfadh feabhas a chur ar phróiseas cinnteoireachta sárghasta na ríomhairí. Spreagtha ag ollstruchtúr ríomhaireachta na hinchinne, foilsíodh na torthaí seo san irisleabhar ar thús cadhnaíochta 'Nádúr' ó fhoireann taighde idirnáisiúnta arna stiúradh ag an Ollamh Damien Thompson, Príomh-Imscrúdaitheoir an Ionaid Taighde FEÉ, SSPC le haghaidh Cógaíochta, ag an Institiúid Bernal, Ollscoil Luimnigh.


Déanta amach trí airíonna leictreacha de chriostail bhoga arna fhás ó na móilíní, tugann an t-ollstruchtúr ríomhaireachta bundúil chiorcad leictreonach nua ar fáil, ina n-ionchódaítear loighic choimpléascach in airíonna ábhair ar nanascála.

Úsáidtear neamhshiméadracht nádúrtha ina bannaí miotail-orgánach chun athrú glan a dhéanamh idir na staideanna difriúla, agus ag ceadú dó cinnteoireacht sárghasta a dhéanamh. Tháinig Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéal ar an fhionnachtain tar éis dóibh a sár-ríomhaire a úsáid agus féadfar impleachtaí móra a bheith ann maidir le háiteanna cinnteoireachta airgeadais roimh bhithfhaisnéisíocht.



Ollamh na Fisice ag OL, Damien Thompson i mbun grúpa múnlaíthe maidir le hábhair réamh-mheastacha ag an Institiúid Bernal.

An tOllamh Anding Zhu de chuid COBÁC ardaithe ina Chomhalta IEEE



An tOllamh Anding Zhu, Príomh-Imscrúdaitheoir ag an Ionad Taighde FEÉ CONNECT do Líonraí Amach Anseo, OCBÁC.

Ardaíodh [an tOllamh Anding Zhu](#) mbeidh sé ina Chomhalta den eagraíocht le haghaidh innealtóireacht leictreonach agus leictreach is mó ar an domhan, Institiúid na nInnealtóirí Leictreachais agus Leictreachais (IEEE). Agus é ina Phríomh-Imscrúdaitheoir ag an Ionad Taighde CONNECT FEÉ do Líonraí Amach Anseo ag OCBÁC, tá a gcuid taighde dírithe ar chumarsáidí gan sreang amach anseo.

Tionscadal taighde AE dá luach €9 milliún ag iniúchadh tionchar na dtorann faoin fharraige



An tÁrthach Celtic Voyager - cearta an íomhá: BBC Storyworks

Tá Dr Gerald Sutton, ó MaREI, an tlonad Taighde FEÉ d’Fhuinneamh, Aeráid agus Mara ag COC, ina thaighdeoir ceannasach agus é ag obair ar thionscadal AE dá luach €9 milliún faoi láthair, ag díriú ar thorann faoin fharraige ó loingear agus an bealach chun é a anailísiú agus a íslíú. Tá Dr Sutton agus a fhoireann ag fiosrú an méid damáiste a tharlaíonn ar gach neach mara beo mar chuid den tionscadal ‘Satarn’, tar éis athbhreithniú domhanda *Eolaíochta*, ar na mallaibh, a tháinig ar an toradh go bhfuil laghdú suntasach i gceist maidir le flúirse na n-ainmhithe ina dtáirgtear fuaim astu.

Léiríonn roinnt staidéar ar mhíolta móra socacha sáinnithe ar chóstaí Éireannacha agus Albanacha, go gcreidtear go mbíonn siad le feiceáil amach ón fharraige agus ar an chósta mar gheall ar chleachtaí míleata arna thitim amach ar an fharraige, agus iad ag úsáid sonóir frith-fomhuireán. Tá seo nasctha le hainmhithe ag athrú a gcuid patrún tumadóireachta, agus ansin tarlaítear athruithe síceolaíochta leo agus thiocthadh leo a bheith sáinnithe de bharr sin. Tagann turraingí uisce chun tosaigh mar gheall ar thaiscéalaíocht ola/gais, agus bíonn tionchar torainn ó liáin long chomh maith le cúrsaí sáiteora pílí do thuirbíní gaoithe ar muir araon atá ina chur isteach do na hainmhithe, mar atá feicthe ag árthach taighde d’Fhoras na Mara, An Celtic Voyager - agus iad ag déanamh monatóireacht. Tá an staidéar seo freagrach as eolas ríthábhachtach a chur ar fáil agus polasaí na feirmeacha ghaoithe á fhorbairt amach anseo.

Tallann agus Scileanna Thar Cionn

Trí thaighde go mór thar cionn a mhaoiniú go i rith an ama, tá ról príomha imeartha ag FEÉ maidir le hacmhainní taighde agus nuálaíochta na hÉireann a thógáil. Idir oiliúint a chur ar fáil do mhic éinn PhD is mó tóir orthu agus tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí teorainneacha luathghairmeacha agus ceannasaithe taighde, bíonn FEÉ in ann an tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil. Cuireann seo sócmhainní inláimhsithe go hÉirinn sa lá atá inniu ann agus cuirfidh amach anseo chomh maith.

Ag comhoibriú leis na hinstiúidí ardoideachais, rialtais agus tionscail, tacaíonn FEÉ le forbairt na gcosán gairmeacha STEM, ag cur fórsa saothair eolaíochta, taighde agus nuálaíochta éagsúla ar fáil atá fáilteach roimh chách. Tá sé mar rún ag FEÉ éiceachóras taighde comhtháite agus fuinniúil a mhúnlú, le cuspóir agus fíis chomhchoiteann.

5,647

Líon na daoine ag obair ar thionscnaimh arna dtacú ag FEÉ

2,111

Mic léinn (PhD agus Máistreacht) arna dtacú ag FEÉ

35%

Líon na gcáilíochtaí PhD agus Máistreachta ó fhoirne FEÉ a roghnaigh an earnáil thráchtála mar chéad sprioc

163

Earcaíodh mic léinn PhD thar 6 Ionad le haghaidh Oiliúint Taighde de chuid FEÉ, agus ardaíodh líon na mic léinn tacaithe go dtí 476 de dheasca. Bhí 42% acu siúd baininscneach

554

Faighteoirí Dámhachtana FEÉ

777*

Imscrúdaitheoirí Maoinithe agus Comh-phríomhims crúdaitheoirí

86

Tacaíodh le mic léinn PhD thar seacht nIonad FEÉ - EPSRC maidir le hOiliúint Dochtúireachta.

*cuirtear Co-Planna agus Flanna a bhfuil ina sealbhóir dhuais cheana féin, as an áireamh



An tOllamh Taighde FEE, an tOllamh Dimitria Psychogiou, ag Institiúid Náisiúnta Tyndall, COC.

Tagann saineolaí i minicíocht raidió agus cumarsáid gan sreang ar leibhéal domhanda ar bhord le COC.

Le linn 2021, bhronnadh Ollúnacht Taighde FEÉ mór le rá ar an Ollamh Dimitria Psychogiou a fhad is go raibh sí in ann bheith ar thús cadhnaíochta i gclár taighde nuálach ag Institiúid Náisiúnta Tyndall agus COC.

Saineolaí i minicíocht raidió agus cumarsáid gan sreang ar leibhéal domhanda í an tOllamh Psychogiou agus tá sí ar an chéad bhean leis an phost mar Ollamh na hInnealtóireachta a fháil i gCOC agus tá sí ar an chéad Ollamh Taighde FEÉ baininscneach chomh maith.


Beidh an tOllamh Psychogiou agus a foireann taighde ag obair chun dúshlán ganntanais an speictrim a shárú, agus ag cur le ceangal gan sreang le gléasanna agus feidhmchláir eile ag an aon am céanna. Bheadh a taighde ina cuidiú ollmhór maidir le costais bhonneagair leathan banda gan sreang a íslíú, agus beidh faill níos fearr ar an phobal ginearálta roimh sheirbhísí digiteacha agus ar líne, chomh maith le sin tacófar le rochtain leathan bhanda i limistéir thuaithe.

Teorainneacha FEÉ don Todhchaí ag feabhsú cothromaíocht inscne i gcúrsaí taighde

Sa bhliain 2021, tugadh 70 deontas taighde amach dá luach €46 milliún trí Chlár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí. Tíocfar feabhas ar thaighde ar leith i réimsí dá leithead neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde (NHEA) na hóige, leibhéil fharraigí cois farraige sa todhchaí, ceallraí don chéad ghlúin eile, barra a sheasfaidh an aimsir, agus an nasc idir mhurtall agus ailse. Beidh taighdeoirí baininscneacha i gceannas ar 46% de na deontais agus beidh taighdeoirí luathghairmeacha i gceannas ar 33% eile.

Tacófar le 188 duine i roinnt poist éagsúla thar naoi n-institiúid Ardoideachais, lena n-áirítear Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn: Ollscoil Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte, COBÁC, Ollscoil Mhaigh Nuad, CTBÁC, OÉ Gaillimh, COC, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OTBÁC) agus OCBÁC. Tá an clár stiúrtha ag FEÉ agus i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bhfuil i mbun cómhaoinithe a thabhairt ar roinnt deontais, agus a bhfuil 38 comhoibrí tionscail acu.

Sócmhainní Inláimhsithe:



Sa bhliain 2021, bhí Dr Tim Jacquemard ina thaighdeoir iardhochtúireachta ag obair leis an Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Galair Néareolaíochta Ainsealach agus Neamhchoitianta, agus é ag tacú leis an Chomhaltacht Seirbhíse Poiblí FEÉ.

Taighdeoirí i mbun comhoibrithe chun polasaí poiblí a chur in iúl

Cuireann an Chomhaltacht Seirbhíse Poiblí FEÉ deis ar leith ar fáil do thaighdeoirí sa tsaol acadúil le bheith ina dtaobh dheis do ranna an rialtais, do ghníomhaireachtaí agus do Sheirbhís Leabharlainne & Taighde an Oireachtais, le bheith ag obair ar chomhthionscadail taighde áirithe. Is ionann an sprioc agus nuálaíocht a chothú laistigh den roinn phoiblí trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm na modhanna tiománaithe ar shonraí chomh maith leis na modhanna bunaithe ar fhianaise.

Le linn 2021, chuir na dara taighdeoirí cónaithe roinnt tuarascálacha ar fáil.

Scríobh Dr Boris Galkin, comhalta taighde ag an CONNECT Ionad Taighde FEÉ do Líonraí agus Cumarsáidí Amach Anseo, tuairisc ar nahimleachtaí eacnamaíochta, sochaíochta agus eiticíúla a ghabhann le haerfheithiclí gan foireann, nó 'dróin' mar a thugtar orthu.

Agus é ag iniúchadh teicneolaíochtaí na ndrón atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis an dóigh go raibh iomadú sciobtha bainte leo chun roinn na dtomhaltóirí agus an roinn tráchtála a bhaint amach, rinne sé taighde ar thionchar an tsaoil réadúil maidir le húsáid na ndrón, agus ar chúrsaí reachtaíochta maidir le dróin in Éirinn a rialú. Leagadh amach buntáistí na teicneolaíochta seo, cosúil leis an úsáid a bheas acu i gcásanna éigeandála agus tarrthála, sa tuairisc seo. Rinneadh iniúchadh ar na drochthionchair atá bainte leo chomh maith, mar aon leis an ghá atá roimh reachtaíocht a chur ar fáil dóibh. Is féidir ann tuairisc a léamh [anseo](#).

Rinne Dr Rónán Kennedy, léachtóir dlí ag OÉ Gaillimh, staidéar arimleachtaí eacnamaíochta, sochaíochta agus eiticíúla na mbogearraí luasforbartha a bhaineann le seirbhísí dlí, nó 'dlítheic (lawtech)' mar a thugtar air i Margadh seirbhísí dlí na hÉireann. Agus é i mbun taighde ar fhorbairt na mbogearraí 'dlítheice', beart ar féidir le costais dhlíthiúla a ísliú agus rochtain ar cheartas a fheabhsú, thug sé le fios gur féidir níos mó damáiste a dhéanamh don scoilt dhigiteach agus cosa a thabhairt do chlaontachtaí atá ar fáil cheana sa chóras dlí. Léiríodh na háiteanna ar chóir d'idirghníomhú reachtaíochta a dhéanamh orthu ina chuid taighde. Is féidir ann tuairisc a léamh [anseo](#).

Rinne Dr Tim Jacquemard, taighdeoir iardhochtúireachta ag obair leis an FutureNeuroIonad Taighde FEÉ le haghaidh Galair Néareolaíochta Ainsealach agus Neamhchoitianta, imscrúdú ar imleachtaí sochaíochta agus eiticíúla a bhaineann le húsáid an 'ríomhshláinte' (teicneolaíochtaí sláinte leictreonacha nó digiteacha) in Éirinn. Is mar gheall ar a chuid tuairisce gur chuireadh creatlach ar fáil le haghaidh tuiscint a fháil ar imleachtaí sochaíochta agus eiticíúla na dteicneolaíochtaí nua seo, a fhad is go mbeadh in ann torthaí neamh-inmhianaithe - cosúil le sárúithe príobháideachta agus acmhainní curtha amú - a sheachaint. Is féidir ann tuairisc a léamh [anseo](#).

Cosáin chun éiceachóras taighde comhtháite a thógáil



In 2021, fógróidh infheistíocht de mhéid €23 milliún chun [tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí iardhochtúireachta a fhad is go mbeidís in ann a bheith ina gceannasaithe taighde](#). Tá an clár comhoibríoch seo cómhaoinithe ag FEÉ agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ), agus tabharfar ardán do 40 taighdeoir luathghairmeach, thar gach uile dhisciplín, tionscadail cheannródaíocha a fhorbairt ar feadh ceithre bliana anois.

Cinnteadh an comhchlár nua seo, arna stiúradh ag FEÉ, go mbeidh comhtháthú mór le feiceáil fud fad na hÉireann thar a hinstiúidí feidhmiúcháin taighde. Díríonn an clár isteach ar dhul chun cinn na dtaighdeoirí baininscneacha sa tsaol acadúil, comh maith le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a thacú thar an earnáil ardoideachais.

Cuidíonn an Clár Comhaltachta Comhoibríoch le réitigh sonraí a thabhairt ar chúrsaí eolaíochta néarchórais

Bhunaigh [FutureNeuro](#), an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh [Galar Néareolaíoch Ainsealach agus Neamhchoitianta](#) an Clár Comhaltachta NeuroInsight arna óstáil ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn: Ollscoil Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte, i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Taighde Insight FEÉ le haghaidh Anailís Sonraí. Cuirfidh an cur chuige comhoibríthe ildisciplíneach seo clár traenála comhtháite agus feidhmeach ar fáil do chomhaltaí taighde, ag tógáil ar shaineolas na sláine agus na hanailísíochta sonraí faoi seach. Go dtí seo, tacaíonn na hionaid le breis agus 500 taighdeoir a bhfuil ag obair ar an chéad ghlúin eile de theicneolaíochtaí eolaíochta néarchórais agus anailísíochta sonraí. Cuirfear socrúcháin oibre a mhaireann 24 mhí ar fáil do 33 taighdeoir a bhfuil taithí acu, fud fad an domhan, tríd an Chomhaltacht seo.

Oideachas agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Tá FEÉ den bharúil go bhfuil eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic ar fáil do gach uile dhuine. Tá fórsa oibre eolaíochta, taighde agus nuálaíochta éagsúla a chur ar fáil leis sin chomh maith le beocht a chur le heolaíocht ar fad don phobal iomlán. Tacaíonn agus cuidíonn FEÉ le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta STEM a chur ar an fhód in Éirinn, agus san am céanna, ag troid ar son dea-chleachtas STEM a chur san oideachas, agus ar son fiosracha a chur chun cinn le gach aoisghrúpa agus leibhéal oideachais.

Toisc gur tugadh cuireadh don phobal comhrá maidir le taighde a leanúint trí fheachtais dá leithead 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí', mar aon le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí maidir le rannpháirtíocht a dhéanamh leis an phobal, bíonn FEÉ i gcónaí ag iarraidh rochtain na n-ábhar eolaíochta maoinithe ag an phobal a ardú agus comhrá oscailte le saoránaigh a fheabhsú. Ag obair le raon mór de pháirtithe leasmhara agus pobail le linn 2021, thacaigh FEÉ le himeachtaí beo agus fóirúla araon, ag cur deiseanna ar fáil do chomhoibriú nuálach chun lucht spéise a leathadh.

€3.7

Infheistíodh €3.7 milliún i 47 tionscnamh STEM trí ghairm Chlár Fionnachtana FEÉ.

4,389

gníomhaíocht EPE seachadta ag taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ.

2,109

Bhí imeachtaí Sheachtain na hEolaíochta ar siúl ar fud na tíre.

335

Fuair 335 bunscóil gradam FEÉ don Eolaíocht agus Mata Bunscoile.

881

Cuireadh oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí ar 881 múinteoir trí chlár DPSM/ na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spástaistil arna thacú ag FEÉ.

237

d'fhreastail múinteoirí dara leibhéal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar théama spáis ESERO.

2,385+

sraith shinsearach d'fhreastail mic léinn Spás ESERO Seónna Bóthair Gairme

Pas STEM maidir le Cuimsiú

De ghnáth, ní bhíonn rochtain ag mná óga ó chúraí faoi mhíbhuntáistí sochaíocha nó eacnamaíochta ar ghairmeacha STEM, agus is minic go dtarlaíonn seo de dheasca easpa eiseamláirí agus easpa faill ar ábhair STEM ina timpeallachtaí oideachais. Tugann an Pas STEM maidir le Cuimsiú tacaíocht do mhna óga trí chur chuige ilchodach a úsáid. Tacaíthe ag Clár Éilimh d'Fhionn FEÉ, tá sé stiúrtha ag Ollscoil Mhaigh Nuad i bpáirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM), an Croílár RDI, Accenture, Microsoft agus TeenTurn. Ghlac beagnach 500 cailín páirt in 2021 agus tá sé mar rún den chlár 15,000 bean óg ó chúraí faoi mhíbhuntáistí a mhealladh ar an chlár ar feadh tréimhse trí bliana. Tá sé mar pháirt freisin de chlár Ghlac beagnach 500 cailín páirt in 2021 agus tá sé mar rún den chlár 15,000 bean óg ó chúraí faoi mhíbhuntáistí a mhealladh ar an chlár ar feadh tréimhse trí bliana. scoileanna de chuid Microsoft na hÉireann agus Ollscoil Mhaigh Nuad: Maoin Dhigiteach.



Ghlac na daltaí seo ón tséú bhliain páirt sa chlár Pas STEM maidir le Cuimsiú; Beauty Ihekwereme, Sinead Keane, Roisin Keane, agus Kelechi Unaegbu (Choláiste Pobail Theach na Giúise). Iomhá: Grianghrafadóireacht Naoise Culhane.

Comhoibriú Ealaíon STEAM

Chruthaigh príomhchlár eolaíochta agus matamaitice Discover agus Ionaid Taighde FEÉ [tionscnamh nua chun comhéadan a dhéanamh le STEM agus na hEalaíona \(STEAM\)](#). Chuaigh cúig ealaíontóir i mbeirteanna le hIonaid Taighde éigin de chuid FEÉ a fhad is go raibh siad in ann saothar a chruthú le gnéithe taighde an ionaid i gceist. Tugadh deis don lucht spéise léargas a fháil ar mheascán d'eolaíocht agus ealaíon, agus na féidearthachtaí a thiofáil chun cinn dár ndomhan amach anseo. Ghlac gach ealaíontóra páirt sa tsraith fhíseáin ar líne [‘I gcomhrá le’](#).



Is saothar ealaíne phrionta líonóile é an saothar ‘dofheicthe go sofheicthe’ agus dírionn sé isteach ar phróiseas eolaíochta na dtástálacha COVID-19. Chruthaigh Shevaun Doherty é, ealaíontóir stáire luibheolaíoch agus nádúrtha, agus bhí sise ag obair i gcomhar le APC maidir le micribhithóm na hÉireann.

Sócmhainní Inláimhsithe:



Pictiúr de na daoine seo a leanas (c-d) ag an tseoladh 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí': Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí ag FEÉ; Jim Miley, Ard-stiúrthóir na gCumann Ollscoileanna Éireann; An Taoiseach, Micheál Martin TD; Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ard-Stiúrthóir FEÉ; Peter Brown, Stiúrthóir an Chomhairle um Thaighde in Éirinn; Julie Byrne; Cathaoireach den Fhóram Chomhairleach 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí'; agus Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Comhrá poiblí ar son taighde amach anseo



Agus muid ag iarraidh cosain uaillmhianach claochlaitheach a leagadh amach chun toilleadh agus ábaltacht an córas taighde agus nuálaíochta iomlán a thógáil sna blianta amach romhainn, tá sé ríthábhachtach go mbíonn deis ag gach uile dhuine a gcuid smaointe agus tuairimí a roinnt.”

Taoiseach Micheál Martin, TD

Bhí 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí' ina chéad tionscnamh dá leithead in Éirinn, arna thugadh isteach ag Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Agus iarracht i bhfoirm 'an rialtas iomlán' acu, ba é an sprioc a bhí ann ná deis a thabhairt do mhuintir na hÉireann a gcuid tuairimí agus smaointe a thabhairt ar chúrsaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Tugadh deis do dhaoine agus pobail fud fad na hÉireann a gcuid smaointe a thabhairt trí thairseach tiomnaithe ar líne, beart a chur ardán ar fáil do bhabhta tobsmaointe náisiúnta maidir le taighdeoirí agus cad is féidir leo a dhéanamh chun todhchaí níos fearr a chruthú.

Bhí FEÉ ina gceannasaí oibriúcháin ar an fheachtas, agus rannpháirtíocht a dhéanamh acu le líonra éagsúil na bpáirtithe leasmhara. Clúdaítear foirmiú an choiste stiúrtha ansin, arna stiúradh ag an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Fóram Comhairleach déanta amach d'ionadaithe ó bheagnach 80 eagraíocht, agus Coiste Saineolaithe déanta amach ag daoine le raon éagsúil de shaineolas agus suimeanna.

Thug an seó bóthar 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí' cuairt ar gach contae in Éirinn agus thit 1,500 imeacht de bhabhtaí tobsmaointe, idir beo agus ar líne, amach chun smaointe a thiomsú. Leagadh sprioc uaillmhianach de mhéid 10,000 aighneacht amach, bunaithe ar thaitní na gcleachtaí cosúil le chéile a thit amach i dtíortha eile.


Bhí freagairt fionnmhar ar fad ag na daoine, agus breis agus 18,000 aighneacht faighte againn.. Rinne coiste de shaineolaithe imscrúdú ar gach smaointeamh, le cinntiú nach mbeadh aon chlaontacht i gceist. Cuirfear anailís na n-aighneachtaí in iúl ar roinnt réimse taighde agus polasaí san am amach anseo. Osclaíodh tuiscint níos doimhne ar mhothúcháin an phobail maidir le féidearthachtaí a bhaineann le heolaíocht agus le teicneolaíocht araon, chomh maith leis an imní comhroinnte faoi éiginnteacht ár dtodhchaí dúshlánaí. Bhí an-tuairim ann go bhfuil ról príomha le himirt ag taighde maidir le todhchaí níos fearr, níos cuimsithí agus níos inmharthana a thógáil. Nascadh páirtithe leasmhara le chéile mar gheall ar an fheachtas seo, ar bhealach comhoibrithe náisiúnta, dul i gcomhairle leis an phobal, agus ag cuidiú le héiceachóras taighde comhtháite agus feasach.

Lorg Domhanda

In 2021, Lean an FEÉ ar aghaidh ag tógáil comhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta straitéiseacha thar an domhan. Tar éis dúinn achar idirnáisiúnta de thaighde na hÉireann a leathadh amach, tá na daoine is sciliúla á mhealladh chuig FEÉ, tá líonraí na dtaighdeoirí ag fás de réir a chéile agus tá rochtain ar dheiseanna maoinithe idirnáisiúnta ag feabhsú.

Cé go bhfuil páirtithe idirnáisiúnta FEÉ ag sárú impleachtaí de chúrsa bacainní éigin faoi láthair i bhfoirm Breatimeacht, athrú aeráide agus cúrsa bacainní lar-COVID-19, tá FEÉ fós ag cur torthaí eacnamaíochta agus sochaíocha chun tosaigh. Ag cur ábaltachtaí taighde thar cionn na hÉireann faoi spotsolas, tacaíonn FEÉ le Clár an Rialtais maidir le conair thaighde amháin ar an oileán seo.

Tá rochtain dhomhanda fhairsing ag comhoibrithe idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: An Eoraip (68.34%); Meiriceá Thuaidh (18.19%); an Áise (8.32%); an Astráil agus an Aigéine (2.96%); Meiriceá Theas (1.42%) an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh, agus an Araib Mhór(0.14%); Meiriceá Lár agus réigiún Mhuir Chairib 0.19%; agus an Afraic fho-Shahárach 0.44%.



8,005

líon na gcomhoibríochtaí adacúla-acadúla a thuairiscigh taighdeoirí FEÉ. Ba le comhpháirtithe idirnáisiúnta 71% acu.

50%


Bhí 50% den chomhoibriú neamhadúil le comhpháirtithe lasmuigh d'Éirinn

11% díobh leis na Stáit Aontaithe, 10% díobh leis an Ríocht Aontaithe agus 29% díobh le tíortha eile.

503

D'eagraigh taighdeoirí FEÉ-maoinithe (nó bhí baint éigin acu) 828 ceardlann agus comhdháil ar leith (bhí 62% dóibh ina n-imeacht fíorúil).

2021 Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta



Na 20 Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta is mó de réir Tíre, 2021

An Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1,054
Stáit Aontaithe Mheiriceá	908
An Ghearmáin	522
An Fhrainc	354
An Spáinn	318
An Iodáil	297
Tuaisceart Éireann	234
An Ísiltír	213
An tSín	147
An tSualainn	143
An Astráil	134
Ceanada	130

An Eilvéis	118
An Danmhairg	115
An Bheilg	108
An Phortaingéil	76
An Ostair	67
An India	56
An Pholainn	54
An Bhrasaíl	52

Clár SAM-Éire de chuid FEÉ

In 2021, bronnadh seacht ndámhachtain maoinithe a raibh comhinfeistíocht €13.5 milliún i gceist leo trí chomhpháirtíocht thríthaobhach taighde agus forbartha idir Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann (TÉ), agus a thacóidh le níos mó ná 60 post taighde i 14 institiúid taighde ar feadh tréimhsí idir trí agus cúig bliana. Dírionn an clár ar réimsí téarmacha curtha in ord tosaíochta, lena n-áirítear braiteoirí, eolaíocht agus innealtóireacht nanascála, teileachumarsáid, cibearshlándaíl, fuinneamh agus inbhuanaitheacht chomh maith le sláinte.

Seoladh Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-Éire i mí Iúil 2006. Tionscnamh faoi leith atá i gceist sa mhéid is go bhféachann sé leis an leibhéal comhoibríthe taighde agus forbartha idir taighdeoirí agus proifisiúnaigh san earnáil a mhéadú sna trí dháilínse trí chéile. Bhí FEÉ agus an Bord Árachais Sláinte i bPoblacht na hÉireann, Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (FEN) agus Institiúid Náisiúnta Sláinte (INS) i SAM, agus an Rannán T agus F Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (RTFSCS) agus an Roinn Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann, uile mar ghníomhaireachtaí páirtíochta do na duaiseanna 2021.

Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ

Bhronn an Taoiseach Micheál Martin, TD, an Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig mór le rá ar an Ollamh William C Campbell, duine a fuair an Duais Nobel i bhfiseolaíocht agus leigheas sa bhliain 2015, agus ar an Uasal Vincent T Roche, Uachtarán agus Oifigeach Feidhmiúcháin de Analog Devices, Inc. Tugann an Bonn seo aitheantas d'eolaithe, innealtóirí nó ceannairí teicneolaíochta clúiteacha atá ag cur fúthu i Meiriceá nó ag obair ann as an gcion tairbhe suntasach atá déanta acu don saol acadúil agus don earnáil thráchtáil.



William C Campbell (Íomhá: Shelly Kusnetz) agus an tUasal Vincent T Roche, Gléasanna Analógach Inc. - Buaiteoirí Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ in 2021.

Comhpháirtíochtaí na Ríochta Aontaithe - na hÉireann

Le linn 2021, lean FEÉ ag obair i bpáirtíocht le forais taighde an RA, ag tacú le taighde thar theorainneacha agus ag neartú comhoibríthe taighde déthaobhacha. Tugann FEÉ tacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí tras-rialtais agus don phobal taighde ar fad chun comhdheiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí taighde a chur ar fáil, beart ina mbainfear na pobail ar fad leas as.

Bronnadh sé dhámhachtain faoin **Chomhairle Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Físicúla (CTIEF) - i gcomhar le Clár Taighde Cómhaoinithe ag FEÉ** agus infheistíocht de mhéid €2.29 milliún bronnta ar thaighdeoirí i gCOBÁC, OL, CTBÁC agus An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oilíuna Bithphróiseála (INTOB). Beidh seo ina thacaíocht féin do réimsí na heolaíochta mara, ábhair eolaíochta le haghaidh leigheas pearsanta, rialú géine i gciorta DNA sintéiseach, róbataic chliste le haghaidh fiosrúcháin talún, chomh maith le réimse táirgthe na mbithchógaisíochta éifeachtúla.

Bronnadh dá dhámhachtain eile tríd an **Clár Comhaltachta Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ**, le luach €1.157 milliún infheistithe.

Bunaíodh an scéim chun eolaithe luathghairmeacha ar leith, ar féidir a bheas ina gceannasaithe réimsí, a aithint agus deiseanna a thabhairt dóibh gairm taighde neamhspleách a thógáil. Tabharfaidh comhaltaí taighde aghaidh ar thionscadail taighde idir na heolaíochtaí fisice, matamaitice agus ceimice. Fiosróidh **Dr Christiana Pantelidou (COBÁC)**, na príomhchoincheapa agus cainníochtaí atá bainte le suaiteacht imtharraingthe agus déanfar múnú ar thorthaí s'acu maidir le himbhualtí na ndúpholl sa chruinne; agus beidh **Dr Michael Gibbons (CTBÁ)** Cag baint leas as teas dramhaíl ón ionad sonraíthe chun fuinneamh inúsáidte, a laghdóidh riachtanais fuinneamh agus astaíochtaí carbóin an ionaid sonraíthe, a tháirgeadh. Rinneadh dá Athnuachan Chomhaltachta Taighde Ollscoile chomh maith Bhí seo tugtha don Dr Morgan Fraser (COBÁC) agus don Dr Richard Hobbs (CTBÁC) agus €0.79 milliún tugtha dóibh do na réimsí réalteolaíochta agus nana-aeróga plasmanacha le haghaidh leictreonaic sárghasta, faoi seach.

Sócmaínní Inláimhsithe:



Páirtíocht thrasatlantach OpenIreland-COSMOS chun líonraí idirlíon a fheabhsú

Ba ghnáth le hanailíseoir speictream turgnaimh i gcásanna taobh amuigh sa saol réadúil a dhéanamh mar chuid den bhinse tástála OpenIreland.



“Is é seo an chéad uair go bhfuil dá bhinse tástála ar ardlíonrú, bunaithe ar theicneolaíocht oscailte, nasctha le chéile sa dóigh seo a fhad is gur féidir le daoine acadúla agus páirtíochtaí tionscail é a úsáid fud fad na cruinne. Tá na binsí tástála seo cumhachtach ar fad mar tugann siad deis dúin dul ó thurgnaimh ionsamhlaithe go dtí timpeallachtaí fud na cathrach sa saol mar atá, agus thiocthadh le turgnaimh a dhéanamh ar líonraí OpenRAN 5G, idir thaobh amuigh agus taobh istigh araon, ag úsáid fíor-speictream ceadúnaithe 5G, mar aon le líonrú optúil, líonraí tarchuir, agus néalríomhaireacht ar an imeall. Ceann de na príomhghnéithe dár mbinsí tástála, ná go mbíonn siad in ann turgnamhaíocht a cheadú ar fhearainn. gan sreang, optúla agus ríomhaireachta, ag cur cásanna réadúla taobh-go-taobh ar fáil, atá foirfe chun aghaidh a thabhairt ar ardchruthúnais choincheapa.

Prof Marco Ruffini, Príomh-Imscrúdaitheoir, CTBÁC

Thosaigh páirtíocht thrasatlantach nua in 2021 agus beidh binse tástála teileachumarsáide OpenIreland maoinithe ag FEÉ (ag Ionad Taighde CONNECT FEÉ do Líonraí agus Cumarsáid Amach Anseo - CTBÁC) ag nascadh le binse tástála COSMOS - Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta i gCathair Nua-Eabhrac. Úsáidfidh taighdeoirí sonraí ón dá bhinse tástála chun algartaim innill-foghlamtha a fhorbairt a bheas in ann iompar líonra de shraith fhisiceach a thuar. Tá poitéinsil ag na halgartaim seo líonraí idirlíon níos iontaofa agus níos inmharthana a chur ar fáil, ag úsáid an teicneolaíocht le haghaidh leas an phobail.

Chuaigh imscrúdaitheoirí CONNECT, arna stiúradh ag an Ollamh Marco Ruffini agus Dan Kilper, i bpáirtíocht leis an Ollamh Gil Zussman ag Ollscoil Columbia agus Ivan Seskar ag Ollscoil Rutgers chun an dá bhinse tástála a cheangail le chéile, ag cruthú timpeallacht taighde idirnáisiúnta, trasatlantach. Tá an pháirtíocht seo maoinithe ag NGI Atlantach, agus tacaíonn siad le taighdeoirí bunaithe san AE ag obair le foirne taighde SAM chun turgnaimh Idirlíon sa Chéad Ghlúin eile a dhéanamh. Comhordaítear NGI Atlantach le hOllscoil Teicneolaíochta an Oir-Dheiscirt, Port Láirge agus tacaíthe ag tionscnamh NGI 2020: Horizon AE. Tá an dá bhinse tástála nasctha trí líonra taighde náisiúnta in Éirinn (HEAnet), FABRIC sna SAM, agus an líonra pan-Eorpach (GÉANT).

Iomaíochas a chur chun cinn trí Taighde

Bíonn folláine shochaíoch agus eacnamaíoch na hÉireann ag brath go mór ar thaighde agus nuálaíocht thar cionn chun lámh chuidiú a thabhairt dúinn a bheith comórtasach ó thaobh tallann is fearr ar an domhan a fháil de, chomh maith le maoinithe idirnáisiúnta agus infheistíocht dhíreach iasachta. Tá FEÉ ag cothú éiceachóras taighde agus nuálaíochta comhtháite a thacófar le hiomaíochas na hÉireann. Ardaíonn seo líon na bpost, fás na bhfiontar beaga agus meánacha mar aon le fás na bpáirtíochtaí taighde sa roinn acadúil, chun sprioc náisiúnta go mbeidh muid inár gceannasaí nuálaíochta a bhaint amach. Tacaíonn taighde FEÉ le bealaí chun teicneolaíochtaí níos fearr a chruthú, chomh maith le táirgí nua, próisis nua agus seirbhísí feabhsaithe, agus is mar gheall ar sin go n-ardaítear barainneacht eolais na hÉireann agus go dtófar acmhainneacht san am amach romhainn.

Comhoibriú Neamhadúil



3,092
comhpháirtíochtaí
tionscail

(náisiúnta agus
idirnáisiúnta)

2,522
comhlacht
ar leith

1,588
comhpháirtíochta
í tionscail le
corparáidí
ilnáisiúnta

1,504
comhpháirtíochtaí
tionscail le
SMEnna

Eolaíocht agus Tráchtálú



D'éirigh le taighdeoirí a fuair maoiniú ó FEÉ an méid seo a chur i gcrích:

13
mac-chuideachta

68
paitinn
comhdaithe

90
teicneolaíocht
ceadúnaithe

204
aireagán
nocta

Infheistíocht dá luach €35 milliún i dtreo infreastruchtúr taighde

Tacófar le taighde claochlaitheach, ina mbeadh tionchar náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceist leis, trí infheistíocht dá luach €35 milliún tugtha do 20 tionscadal infreastruchtúir taighde. Maoinithe ag an Chlár Infreastruchtúir Taighde FEÉ, tacófar na duaiseanna leis an phobal taighde in Éirinn trí rochtain leanúnach a chur ar fáil d'infreastruchtúr agus do threalamh ceannródaíthe a n-ardófar gníomhaíochtaí agus nuálaíocht d'ardchaighdeáin i réimsí tábhachta straitéiseach.

I measc na dtionscadal maoinithe, tá: saoráid tástála agus déantúsaíocht cadhnaí in-athluchtaithe náisiúnta ar fáil ag OL, cómhaoinithe ag SEAL; ardán tástála gais cheaptha teasa ó chre náisiúnta de chuid Teagasc, ina n-iniúchtar éifeachtúlachtaí de raon na leasachán nuálacha, bithghníomhacha, bithspregthaí, aoileach agus breiseáin díleá; chomh maith le hionad barr feabhais maidir le micreascópacht ilmhódach ag OÉ, Gaillimh. Éascaítear páirtíochtaí agus comhoibriú thar Éirinn ar fad idir chohóirt dhifriúla na dtaighdeoirí, cosúil le, idir ollscoileanna agus ollscoileanna teicneolaíochtaí, Institiúidí Teicneolaíochtaí, forais taighde incháilithe eile agus taighdeoirí i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann araon.

Clár Comhpháirtíochta Straitéiseach an FEÉ

In 2021, tugadh dá dhuais faoin Chlár Páirtíochta Straitéiseach FEÉ dá luach €18.4 milliún le costais dhíreacha, agus 50% den mhaoiniú ag teacht ó FEÉ agus an 50% eile ó pháirtíochtaí cómhaoinithe. Tá sé mar aidhm ag an chlár tionscnaimh taighde ar scálaí móra a thacú, agus cumas láidir ag na tionscnaimh chun tionchar eacnamaíochta agus sochaíoch a thabhairt go hÉirinn, i bpáirtíocht le páirtithe leasmhar príomha, cosúil le tionscal, carthanachtaí, eagraíochtaí daonchairdis, agus institiúidí ardoideachais.



Tá an tOllamh Sarah Doyle, Ollamh Oinigh i gCúrsaí Imdhíoneolaíochta ag Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide, ina iarrthóir comhstiúrtha leis an Pháirtíocht Straitéiseach FEÉ 'EYE-D'.

Díríonn an **duais Pháirtíochta Straitéiseach EYE-D** FEÉ, dá luach €2.4 milliún le costais dhíreacha agus cómhaoinithe ag páirtíochtaí tionscal agus carthanachtaí, ar staidéar an ghalair reitínigh. Tá sé stiúrtha ag an Ollamh Matthew Campbell, ó Institiúid na Géinitice Smurfit i gCTBÁC, agus Sarah Doyle, Ollamh Oinigh i gCúrsaí Imdhíoneolaíochta in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (INCT). Bhí an tOllamh Doyle ina sealbhóir Duaise FEÉ ar fhorbairt na Teicneolaíochta agus na Nuálaíochta cheana féin.

Tá sé mar sprioc ag an tionscadal tuiscint a fháil ar ghalair reitínigh meathlúcháin agus cóireálacha teiripe agus modhanna seachadtaí drugaí eile maidir le Meath Macúlach Seanais (MMS), glácóma agus meath reitínigh ar scála níos leithne. Is mian leis chomh maith soláthar cliniúil na teiripe a bhrostú, trí chomhlacht ilnáisiúnta a thabhairt le chéile, clinic príobháideach agus carthanas a bhunú, mar aon le naoi bpost a thacú thar thréimhse cheithre bliana.



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Andrew Keane, Stiúrthóir NexSys agus Institiúid an Fhuinnimh COBÁC, agus an tOllamh Aoife Ahern, Príomhoide Choláiste na hInnealtóireachta agus na hailtíreachta agus Taighdeoir Sinsearach NexSys.

Tá **An Pháirtíocht Straitéiseach FEÉ - Córais Fhuinnimh an Chéad Ghluin eile (NexSys)**, dá luach €16 milliún, stiúrtha ag an Ollamh Andrew Keane, ag Scoil na hInnealtóireachta Leictir agus Leictreonaí, Institiúid Fhuinnimh COBÁC. Ba mhian leis an pháirtíocht athrú na ranna fuinnimh a chothú i dtreo saor ó astaíochtaí carbóin in Éirinn faoi 2050. Tá sé ar an chéad duais don dara téarma le bheith maoinithe ag an chlár seo, ag tógáil ar bhunchlocha arna fhorbairt ag an duais Pháirtíochta Straitéiseach eile roimh ré, ESIPP.

Cómhoinithe ag naoi bpáirtíocht tionscal, agus aon pháirtíocht daonchairdeas amháin eile, tá páirt ag 40 comhoibrí neamh-mhaoiniú leis an tionscadal seo. Tacóidh an tionscadal le 107 post taighde thar chúig bliana agus tá comhoibríthe ó 15 institiúid idirnáisiúnta i mbun chomh maith. Is ionann a gcuid páirtithe institiúid ardoideachais agus OCBÁC, an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), OM, OÉG, CTBÁC, COC agus COBÁC. Léiriú é sin an cómhaoiniú arna fháil ag NexSys ar an deontas daonchairdis aonarach is mó chuig clár FEÉ go dtí seo (€5 mhilliún).



An chéad Bhinse Tástála Nuálach Gan Sreang fócasaithe ar dhéantúsaíocht in Éirinn

Sheol an tIonad Taighde le haghaidh Déantúsaíocht Chliste 'Confirm', óstáilte ag OL, i gcomhar le Netmore, Binse Tástála Nuálach Gan Sreang don Todhchaí, lonnaithe laistigh de Cheantar Digiteach OL. Beidh an Binse Tástála in úsáid chun teicneolaíochtaí a phlé, teicneolaíochtaí leis an ábaltacht chun timpeallachtaí déantúsaíochta a fheabhsú. Tacóidh sé le cruthú na monarchana ní ba chliste trí theicneolaíochtaí gan sreang is déanaí a úsáid, cosúil le 5G, 6G agus Wifi6. Bhí roinnt tástálacha luath ann, agus cheann de na tástálacha sin ná Feithicil Chliste Uathrialach (FCU) a rialú ar líonra 5G ag an Ionad Taighde FEÉ Confirm - beart ina léirítear an inmhárthacht bainte le 5G a mheasc mar chóras comhartha gan sreang laistigh de thimpeallacht déantúsaíochta.

Sócmhainní Inláimhsithe:



EMPOWER
DATA GOVERNANCE



'EMPOWER' de chuid FEÉ 'SPOKE' ag cur ceannasaíochta rialaithe sonraí chun cinn

Is clár taighde FEÉ SPOKE sa tionscal acadúil é 'EMPOWER'; a bhfuil luach dá €10 milliún aige, agus seoladh é ag Simon Harris TD, an tAire Breisoidreachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus an sprioc atá ann ná sreafaí sonraí AE a chosaint go seasfaidh siad an aimsir agus nuálaíocht i gcosaint sonraí a spreagadh ar bhonn idirnáisiúnta. Agus é ag díriú isteach ar ardáin sonraí, rialú sonraí agus éiceachórais, tá páirt ag taighdeoirí ó cheithre Ionad Taighde FEÉ: an tIonad Taighde FEÉ 'Insight' le haghaidh Anailísíocht Sonraí; an tIonad Taighde FEÉ 'ADAPT' le haghaidh Teicneolaíocht d'ábhair dhigiteacha tiománaithe ag intleacht shaorga ag CTBÁC; an tIonad Taighde FEÉ 'FutureNeuro' le haghaidh Galair Néareolaíochta Ainsealach agus Neamhchoitianta ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn; Ollscoil Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte; agus an tIonad Taighde FEÉ 'Lero' le haghaidh Bogearraí ag OL, a bheas i gceannas ar an chlár.

Beidh 'EMPOWER' ag fiosrú na córais chliste a bhfuil sonraí roinnte in úsáid acu laistigh d'éiceachórais sonraí agus an dóigh go bhfuil siad deartha agus ansin curtha i bhfeidhm. Cuireann sé taighde ildisciplíneach i gcúrsaí rialaithe sonraí le chéile ó na hIonad Taighde FEÉ rannpháirteacha ar fad, cosúil le forbairt bogearraí, biteicneolaíocht sláinte, teic-airgid, teic-leighis, teic-talmhaíochta, teic cliste na cathrach, siúl na gcos, na meáin agus foilsitheoireacht, feidhmíocht spóirt, mótarfheithiclí agus tógáil.

Ag caint faoin chlár, dúirt an tOllamh Markus Helfert, Stiúrthóir EMPOWER, lonnaithe in Ollscoil Mhaigh Nuad, an méid seo a leanas:

"Is le héiceachórais sonraí, cosúil le cathracha cliste nó líonra sláinte nasctha, ina dtagann dúshlán nua chun cinn agus caithfidh muid athmhachnamh bunúsach a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn sonraí le bainistiú agus le húsáid againn. Cé gur fíor an ráiteas é gur féidir le héiceachórais sonraí roinnt na sonraí a chumhachtú maidir le heagraíochtaí agus daoine aonarach, is féidir le rioscaí teacht amach ó ghluaiseacht na sonraí agus caithfear seo a bhainistiú ó pheirspectíocht shocheacnamaíoch."

Leanann méid iomlán na sonraí ag fás dá réir a chéile, rud a dtugann dúshlán bhreise do shaoránaigh, do rialtais agus don tionscal, agus bíonn rochtain ar shonraí is ardchaighdeánaí a theastáil uathu a fhad is go mbeidh siad in ann cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh.

Is tionscnamh tábhachtach náisiúnta é 'Empower' agus cinntíonn sé go bhfuil ceannasaithe taighde na hÉireann maidir le rialú sonraí ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic leis na dúshlán seo. Éascaítear deiseanna comhoibrítheacha, trédhearcacha agus dhíríthe ar shaoránaigh maidir le leas an phobail.

Páirtithe ag comhoibriú chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an aeir

D'fhógair an tIonad Taighde Insight FEÉ le haghaidh Anailís Sonraí i gOCBÁC comhoibriú éigin le DPD Éireann chun anailís sonraí fíor-ama a dhéanamh ar thruailliú aeir i mBaile Átha Cliath. Gabhtar na sonraí trí bhraiteoirí monatóireachta aeir arna shuiteáil ar fhoirgnimh agus ar veaineanna seachadta thar Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirtíocht le hollscoileanna, Comhairle Cathair Átha Cliath agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Gabhann na braiteoirí leibhéil na n-ábhar cáithnínach i bhfíor-ama agus tarchuirtear na sonraí chuig bunachar sonraí a chuireann léarscáileanna ar chaighdeán an aeir le chéile. Táirgtear príomhionaid, nó ceantair a bhfuil ardtruailiú i gceist, agus féadfar daoine le ceisteanna sláinte riospráide leas a bhaint as seo. Is imscrúdaitheoir maoinithe ag FEÉ í Dr Aoife Morrin, a bhfuil ina Ollamh Oinigh ag Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha in OCBÁC agus ina Stiúrthóir den Ionad Náisiúnta um Thaighde Braiteoirí (INTB), san Ionad Taighde FEÉ 'Insight' agus tá sí i gceannas ar an tionscadal maidir le caighdeán an aeir.

Clár Comhaltachta Tionscail maidir le TF agus N, FEÉ

Tar éis rath an chláir Comhaltachta Tionscail FEÉ, seoladh clár maoinithe nua le linn 2021, chun taighde, forbairt agus nuálaíocht (TFN) a thacú sa tionscal.

Tugann an Chomhaltacht Tionscail TF agus N deis d'eagraíochtaí thar an domhan chun saineolaí acadúil a óstáil ar chéimeanna áirithe a g(h)airmeacha, agus PhD acu. Clúdaítear socrúchán oibre Comhaltachta suas go bliain amháin lánaimseartha ar fáil, nó 24 mhí ar bhonn pháir-aimseartha, ag éascú taighde ar thús cadhnaíochta, curtha in iúl ag an tionscal mar aon le roinnt an eolais agus roinnt an tsaineolais.

Bhí 27 duais mhaoinithe de bharr ar an éileamh 2021 agus infheistíocht dá luach €2.1 milliún do thaighde i dtionscadail thar réimsí móra éagsúla lena n-áirítear micribhitheolaíocht, réaltacht fhíorúil (RF) biteicneolaíocht, creimeadh cósta, ailse chíce, teiripe fhótáidinimiciúil agus eile. Cuirfidh an clár, arna thacú ag IDA Éireann, socrúchán sealadach na dtaighdeoirí acadúla ar chumas le 19 comhlacht páirtíochta tionscal, lena n-áirítear Gléasanna Analógach, Huawei, Boston Scientific agus roinnt de SMEs na hÉireann, ag cur cómhainiú dá luach €1.9 milliún le chéile acu.



Dr Aoife Morrin, Ollamh Oinigh ag Scoil na hEolaíochtaí Ceimice, OCBÁC.

Luach ar Airgead a Ghiniúint, FEÉ

Lean taighdeoirí maoinithe ag FEÉ a gcuid feabhais eolaíochta a léiriú, mar aon le tábhacht a dtaighde, brabús ar infheistíocht agus luach ar airgid le linn 2021.

- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €234 milliún ó fhoinsí éagsúla.
- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ €82.3 milliún a fháil ó fhoinsí AE.
- ▶ B'ionann maoiniú ó fiontraíocht phríobháideach agus €63.6 milliún.
- ▶ Is é 2.4:1 an cóimheas maoinithe ó Neamh-Státchiste na hÉireann go Státchiste na hÉireann.
- ▶ Is é 1:1.26 an cóimheas idir maoiniú náisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta.
- ▶ In 2021, shínigh Ionaid Taighde FEÉ 116 comhaontú comhthaighde (CCanna), agus bhí 69 dóibh le comhlachtaí idirnáisiúnta agus bhí coimhitmint tionscal dá luach €32.9 milliún ann.

D'éirigh le taighdeoirí maoinithe ag FEÉ

€234 milliún a fháil ó fhoinsí éagsúla

Maoiniú Seachtrach Faighte ó Thaighdeoirí arna Maoiniú ag FEÉ in 2021

Foinse	Maoiniú faighte
An tAontas Eorpach	€82,280,205
Fiontraíocht Phríobháideach	€63,655,189
Fiontraíocht Éireann – Dámhachtainí Tráchtálaithe agus Neamh-thráchtálacha	€30,509,052
Foinse Eile Rialtas na hÉireann	€10,174,759
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	€7,607,222
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Éire	€7,264,904
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	€6,047,615
Foras na Mara	€5,648,193
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	€3,646,924
An Bord Árachais Sláinte	€3,232,105
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€2,980,536
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	€2,911,247
Foinsí Rialtas Idirnáisiúnta Eile	€2,910,983
Wellcome Trust	€2,245,690
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	€1,377,134
Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta SAM (FEN)	€831,135
Teagasc	€379,551
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha	€325,000
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM	€22,000
Iomlán	€234,049,444

- ▶ Sheol an tIonad Taighde FEÉ Bithghéilleagair ‘BiOrbic’ an clár Marie Curie PhD ‘COFUND Talent4BBI’ dá luach €2.3 milliún. Tugann an clár PhD/MSCA stiúrtha ag an tionscal deis ar leith do chéimí leas a bhaint in áiteanna taighde tionscail agus acadúla.
- ▶ Bhronnadh €4.4 milliún san iomlán ar an Ionad Taighde FEÉ ‘FutureNeuro’ le haghaidh Galair Néareolaíochta Ainsealach agus Neamhchoitianta ag Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI faoi Chlár na Todhchaí AE agus na Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (TTC). Beidh an tionscadal PRIME (Ciorcaid Ríomhaireachta Sintéiseach maidir le Cill Bheo Pearsanta do mheicníocht Bhraite agus Cor Leighis a chur ar Neamhord Néaraimheathlúcháin) stiúrtha ag an Institiúid Walton ag Ollscoil Teicneolaíochta don Oir-Dheisceart, Port Láirge, in ann ionchollaínn a fhorbairt chun taomanna ainsealacha agus athfhillteacha i dtitíneas a thuar.
- ▶ In 2021, cheadaigh an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI) an moladh maidir le 11 tionscadal nua a chur ar Phlean ESFRI, agus titfidh dá ceann acu amach, don chéad uair, in Éirinn. Beidh an tionscadal Marinerg-i stiúrtha amach ó Chorcaigh trí MaREI, an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh, Aeráid, agus Mara, óstáilte ag COC. Forbrófar plean le haghaidh Infreastruchtúr Taighde Eorpach deartha chun fás agus forbairt an todhchaí den roinn fhuinnimh athnuaite ar muir a éascú.
- ▶ Tá an tionscadal ‘Ag Fás Aníos san Eoraip’ (AGAE) ar an chéad staidéar fad-ama na bpáistí, lena n-áirítear éifeachtaí a ghabhann leis an Covid Fada. Beidh Éireann i gceannas ar an tionscadal trí COBÁC, i gcomhar le tacaíocht náisiúnta ón Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige. Gheofar an dá thionscadal leibhéal shuntasacha de mhaoiniú Eorpach agus Náisiúnta do na deich mbliana atá le teacht.

Sócmhainní Inláimhsithe:



D'éirigh leis an tOllamh Jennifer McElwain, Imscrúdaitheoir Príomha leis an Ionad Taighde FEÉ ICRAE le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha ag CTBÁC, ard-deontas mór le rá a fháil ón Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET). Beidh a tionscadal TERRAFORM in ann tomhas a dhéanamh ar thionchar na bplandaí talún ar thimthriallta carbóin, cothaithigh agus hidreolaíochta san domhan-am.

Rath An Chomhairle Eorpaigh um Thaighde (CET)

Le linn 2021, tugadh deontas i bhfoirm €10.2 milliún san iomlán do chúig thaighdeoir lonnaithe in Éirinn, agus d'éirigh le 4 amach as 5 acu an duais a fháil trí thaighdeoirí maoinithe ag FEÉ. Le linn 2021, fógróidh na torthaí deiridh ón chlár oibre Horizon 202 (H2020), agus iomlán náisiúnta deireadh dá bhreis agus luach €173.5 milliún, i bhfad níos fearr ná na spriocanna táscacha. Trí H2020, a bhí i bhfeidhm ó 2014 go dtí 2020, maoiníodh 100 tionscadal ERC do thaighdeoirí lonnaithe in Éirinn, agus tugadh 65 dóibh do thaighdeoirí maoinithe ag FEÉ. Beidh an clár creatlach Horizon na hEorpa nua i bhfeidhm ó 2021 go 2027.

Bhí rath ar cheithre thaighdeoir lonnaithe in Éirinn maidir le breis agus €10 milliún a fháil in ard-deontais ERC, fógróidh an t-éileamh deireanach den Chlár H2020 amháin in 2021. Tá triúr de na buaiteoirí ard-deontas ina thaighdeoirí comhlachaithe FEÉ agus STEM, lonnaithe in OCBÁC.

Is iad: an tOllamh Daniel Kelly, Imscrúdaitheoir leis an Ionad Taighde AMBER (Ábhair Forbartha agus Taighde Bithinnealtóireachta), té a fuair Duais Uachtarán na hÉireann maidir le Taighdeoirí Óga FEÉ, agus an tOllamh Jennifer McElwain, Imscrúdaitheoir leis an Ionad Taighde 'ICRAE' maidir le Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha i gCTBÁC agus an tOllamh Seamus Martin, Cathaoirleach na nGéineolaíocht Leighis, té a raibh rath air maidir le roinnt éilimh FEÉ. Bhí rath ar an Ollamh Kelly duaiseanna a fháil roimhe seo, i bhfoirm an Duais Tosaíochta ERC, an Duais Comhdhlúthadóra agus Duais Chruthúnais Choincheapa. Tugadh an ceithre Ard-Deontas ar fáil le linn 2021, sa réimse Eolaíochta Sóisialta agus Daonnachtaí trí OCBÁC.

Fuair an tOllamh Jonathan Coleman, PI i gceannas ag AMBER, an tIonad Taighde FEÉ le haghaidh Ábhair Forbartha agus Taighde na mBithinnealtóireacht, ag Scoil na Fisice ag Coláiste na Tríonóide, deontas cruthúnas coincheapa a tháinig ar an fhód luath sa bhliain 2021, le cur lena ard-dhuais a fuair sé in 2015.

Tá ról an Toscaire Náisiúnta do ERC ag FEÉ agus seasann siad mar Phointe Teagmhála do na hEolaíochtaí bitheacha agus na hEolaíochtaí Fisiceacha araon.

Sócmais Inláimhsithe:



Múnla maoinithe-dúshláin le haghaidh todhchaí inmharthana

Tá forbairt na maoinithe taighde bunaithe ar dhúshláin ar thionscnamh uailmhianach agus é ag iarraidh tacaíocht a thabhairt do na taighdeoirí is fearr agus is cliste in Éirinn a fhad go bhforbrófar réitigh nuálacha ar dhúshláin shochoíocha suntasacha.

Le linn 2021, sheol FEÉ éilimh maoinithe bunaithe ar dhúshláin chun dul i ngleic le mórdhúshláin shochoíocha sna réimsí athrú aeráide, inbhuanaitheacht agus úsáid fhreagrach na sonraí agus IS.

Tacaíonn an Dúshlán nua FEÉ maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe dá luach €2.47 milliún, a bhí seolta i gcomhpháirtíocht le Cúnamh Éireann, le taighdeoirí acadúla chun réitigh a fhorbairt chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a bhaint amach. Tá seacht bhfoireann taighde i mbun réitigh nuálacha a fhorbairt faoi láthair, idir cheisteanna sláinte agus folláine, lena n-áirítear galair ionfhabhtaíocha, cúrsaí meabhairshláinte agus réimsí bainte cosúil le míchothú agus córas séarachais uisce. Seasann siad do chomhoibrithe idirnáisiúnta idir institiúidí taighde in Éirinn agus na cinn sin i dtíortha páirtíochta de chuid Cúnamh Éireann: an Mhaláiv, Uganda, an Afraic Theas agus Vítneam.

Seoladh an Dúshlán Nuálaíochta FEÉ ceannródaíoch ón Eagraíocht Cosanta dá luach €2.4 milliún i bpáirtíocht leis an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.

Sa chéad chéim, bhuail deich bhfoireann taighde fud fad na hÉireann le chéile le baill Óglaigh na hÉireann chun réitigh a fhorbairt ar dhúshláin aitheanta, ar nós Aisghabháil na mBád Inséidte Le Cabhlacha Dochta (RHIBs) ar muir agus laghdú tionchar timpeallachta na n-aerárthaí, na bhfeithiclí talún agus na n-árthaí mara de chuid Óglaigh na hÉireann.

I réimse an athraithe aeráide agus inbhuanaitheacht, tugadh €2 mhilliún ar an Ollamh Kevin O'Connor agus a fhoireann ag OCBÁC faoin Duais Nuálaí Amach Anseo de chuid FEÉ. Tá a dtionscadal 'Feirm Shaor Ó Astaíochtaí C' ag cuidiú le feirm dhéiríochta glan-astaíochtaí a fháil faoi 2027. I bpáirtíocht leis an Ghrúpa Carberry, chuaigh siad i mbun staidéar faoin dóigh ar féidir le bithéagsúlacht agus sláinte na cré a fheabhsú trí chineálacha difriúla d'fhéara agus d'fhálta sceacha a chur, mar aon leis an dóigh ar féidir le táirgeadh an gháis mheatáin a ísliú maidir le cineálacha beathaí an bheostoic. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal dul i mbun oibre le 5,000 feirm eile laistigh de thréimhse chúig bliana.

Ainmníodh uirlis anailísíochta ceannródaíche d'íomhánna satailíte bunaithe ar Intleacht Shaorga (darb ainm TAPAS), a dhéanann tomhas ar oiriúnú an athraithe aeráide i gcúrsaí talmhaíochta, mar bhuaiteoir an dúshláin Nuálaí Amach Anseo de chuid FEÉ maidir le hIntleacht Shaorga le haghaidh Leas an Phobail. Tugadh duais dá luach €1 milliún amháin ar Dr Aaron Golden agus ar an Ollamh Charlie Spillane ó OÉ Gaillimh as a gcuid tionscail ildisciplínigh, atá cómhaoinithe ag Cúnamh Éireann faoin Pháirtíocht FEÉ leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Ionaid Taighde FEÉ

Tá an líonra déanta amach as 16 Ionad Taighde FEÉ ar thús cadhnaíochta sa domhan, ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le hardaithe eolaíochta, fiontraíocht a chur chun cinn agus oiliúint a thabhairt ar mhic léinn a bhfuil scileanna criticiúla agus is mó éilimh orthu. Tacaíonn sé le forbairt réigiúnach agus feabhsaíonn sé cáil idirnáisiúnta na hÉireann.

Nascann na hIonaid Taighde FEÉ eolaithe agus innealtóirí i bpáirtíocht le 1,023 foras taighde thar an domhan. Clúdaítear 12 ollscoil, 2 Institiúid Ardoideachais, Institiúid Teicneolaíochta amháin agus seacht bhforas taighde eile in Éirinn.

Is ionann sin agus infheistíocht FEÉ carnach dá luach €684 milliún mar aon le coimítmint tionscail dá luach €638 milliún, ó 2013 ar aghaidh. Shínigh na hIonaid 1,218 comhaontú comhthaighde (CCanna) go dtí seo le 683 comhlacht fud fad na cruinne, agus 355 dóibh lonnaithe in Éirinn.



Aschuir carnach na nIonad Taighde FEÉ san iomlán go dtí deireadh na bliana 2021

Príomhthorthaí	Carnach go dtí 2021
Foilseacháin irisí	12,741
Foilseachán Comhdhála	6,331
Céimithe MSc/MEng	222
Céimithe PhD	1,631
% d'Oiliúnaithe ag Fágáil i dtreo na hEarnála Thráchtála	34.1%
Rannpháirtíocht AE	585
Comhordú AE	143
Dámhachtainí ERC	53
Dámhachtainí Tráchtálaithe EI	469
Comhaontuithe um cheadúnais	322
Mac-chuideachta cuimsithe	50

Sciar Costais agus Giaráil	Toradh	Sprioc	Rath
Maoiniú iomlán faighte ón Earnáil Thráchtála	€122.5 milliún	€87.7 milliún	140%
Maoiniú iomlán faighte ón Earnáil Thráchtála	€287.5 milliún	€225 milliún	128%
Maoiniú Neamh-Stáitchiste-Neamhthráchtála	€378.0 milliún	€380.8 milliún	99%

Go dtí seo, fuair Ionaid Taighde FEÉ an méid seo a leanas:

€378 milliún i maoiniú neamh-stáitchiste, neamhthráchtála

€287.5 milliún ó thionscal

469 Dámhachtainí Tráchtálaithe EI

322 Comhaontuithe ceadúnas

50 Mac-chuideachta

22 Dámhachtainí FEÉ Spoke

Go dtí seo, tá Ionaid Taighde FEÉ ina dhiaidh:

páirt a ghlacadh i **728** tionscnamh mór maoinithe ag an AE agus **53** duais mór le rá ón Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET) a bhaint.

timpeall **€278 milliún** de mhaoiniú carnach Horizon 2020 a tharraing anuas agus tá coimhlint tionscail dá luach **€638 milliún acu.**

Uasdátú ar Pholasaithe FEÉ

Feabhas a chur ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ar chuimsiú laistigh den FEÉ




Leagadh sprioc uailmhianach amach i straitéis de chuid FEÉ ‘Ag Múnú Ár dTodhchaí, 2025’ agus an sprioc sin ag dúil go mbeidh ar a laghad de 35% de mhná ina ceannasaithe taighde a fhad is go gcinnteofar go mbeidh éiceachóras taighde níos cothroime, níos éagsúla agus níos cuimsithí, agus chun machnamh a dhéanamh ar éagsúlacht na nInstitiúidí Ardoideachais in Éirinn.

In 2021, bhí 28% de shealbhóirí duais FEÉ, ag caint ar Imscrúdaitheoirí Príomha agus Comhphríomha, ina mná agus bhí 40% de na baill fhoirne ó dhuaiséanna FEÉ ina mná.

Chuir FEÉ tús le hathbheithniú saineolaí seachtrach de Straitéis na hInscne FEÉ 2016-2020, agus tá muid ag obair ar fhorbairt chuimsitheach na straitéise nua darb ainm Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Leagfar gníomhartha agus spriocanna áirithe maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú na Fondúireachta amach sa straitéis nua, agus forbrófar é i gcomhar le raon mór de pháirtithe leasmhara.

Tá tionscnaimh inscne arna leagadh amach i gClár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí fós i bhfeidhm maidir le cothromas inscne a thacú le taighdeoirí STEM lár go deireadh gairmeacha. I gcomhréir le spriocanna Inscne FEÉ, tá an Clár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí ag iarraidh taighdeoirí, a bhfuil ag fillleadh ar a dtaighde tar éis dóibh tréimhse shaoire a ghlacadh, a thacú tríd an tionscnamh maidir le hImscrúdaitheoirí atá ag teacht chun cinn. In 2021, beidh taighdeoirí na mban i gceannas ar 46% de na deontais taighde agus beidh 33% de thaighdeoirí atá ag teacht chun cinn ina mná chomh maith.

Chuidigh na tionscnaimh Inscne arna dhéanamh ag an Chlár Teorainneacha don Todhchaí go mór le hardú líon na n-iarratas ó mhná agus líon na ndeontas tugtha do na mná, i gcomparáid leis na huimhreacha comhfheagracha a ghabhann le cláir céimeanna gairmeacha roimhe seo.



Sláine Taighde agus Rialachas Taighde

Le linn 2021, lean FEÉ ag obair leis a gcomhairleoir seachtrach chun polasaithe agus próisis a thacaíonn le hionracas na hinfheistíochta taighde a athbhreithniú, lena n-áirítear na cinn bainte le Pleananna Bainistíochta Sonraí (PBSanna). Is ionann plean bainistíochta sonraí agus cáipéis bheo ina sonraítear na nósanna imeachta maidir le láimhseáil chúramach na sonraí agus aschuir taighde eile agus is príomhchúis é maidir le caighdeán agus iontaofacht an taighde a chinntiú. Mar thacaíocht roimh na cuspóirí arna leagadh amach i Straitéis FEÉ 2025, d'fhorbair FEÉ plean treoir maidir le bainistíocht sonraí d'iarthóirí agus d'athbhreithneoirí le linn 2021.

Cuirfear riachtanais na bpleananna seo ag an chéim aighneachta iarratais i bhfeidhm le linn 2022 thar chuid de na hÉilimh Chláir atá ag FEÉ.

Tá Athbhreithniú ar Fhoinsé Sonraí de chuid FEÉ ar cheann de na próisis ghealltanais a chuireann tacaíocht ar fáil roimh choimintimint s'acu go dtreorófar a dtaighde maoinithe ar leibhéil an ionracais agus na críochnúlachta is mó agus is féidir. Is cuid lárnach é go fóill de chlár FEÉ maidir le hathbhreithnithe láthair dul chun cinn ar dhuaiseanna stiúrtha go haonarach. Clúdaítear painéal de shaineolaithe ábhair a bhfuil ag déanamh staidéar ar fhoinsé an tacair shonraí agus i rannpháirtíocht leis an imscrúdaitheoir príomha agus foireann taighde ar chúrsaí a bhaineann le dea-chleachtas taighde, oiliúint agus meantóireacht. Thit athbhreithniú ar an phróiseas seo amach in 2021, a fhad is go raibh siad in ann iontaofacht agus in-atairgtheach leanúnach an taighde tacaithe ag FEÉ, ag cur le cáil na hÉireann mar cheannasaí ó thaobh feabhas an taighde de. Leanann FEÉ ar aghaidh ag athbhreithniú polasaithe agus nósanna imeachta institiúideacha i ndáil le hionracas Taighde, oiliúint agus láimhseáil líomhaintí de mhí-iompar eolaíochta, agus na torthaí sin le roinnt le páirtithe leasmhara cuí.

Eolaíocht Oscailte

Ailíníodh Polasaí Rochtain Oscailte de chuid FEÉ leis na prionsabail ó Phlean S, an tionscnamh maidir le foilsitheoireacht eolaíochta rochtain oscailte, ón 1 Eanáir 2021. Ba é an chiall a bhí leis sin ná go raibh ar gach páipéir léannta maoinithe ag FEÉ arna sheoladh le haghaidh foilseachán faoin dáta sin le bheith ar fáil go hoscailte gan mhoill tráth a fhoilsithe (gan lánchosc). Bhí gá ar údair iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Sannta Creative Commons nó CC-BY, beart a gcinnteoidh nach mbeidh a gcuid saothair in athúsáid nó dáilte fiú. I gcomhar le comhghleacaithe i gcomhghuaillíocht S, bhí FEÉ i gceannas ar fhorbairt suirbhé éigin chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar Phlean S agus bíonn siad fós ag bailiú sonraí tríd an tairseach chun eispéireas na n-úsáideoirí a fheabhsú.

Le linn 2021, bhí breis agus 75% de bhunailt agus ailt athbhreithnithe ar fáil go hoscailte, mar a bhí leagtha amach ag anailís Unpaywall. Is ionann sin agus ardú pointe dá luach 15% ardaithé ón anailís chéanna arna thitim amach in 2020 agus léiríonn sé sin stádas na bhfoilseachán 'oscailte' in am ar leith. Le sin ráite, ní hé go mbíonn aistriú glan ar an téarma 'ar fail go hoscailte' agus Polasaí Rochtain Oscailte FEÉ, beart a gcinntíonn gur chóir d'fhoilseacháin a bheith ar fáil go láithreach (gan lánchosc) ó dháta an fhoilseacháin (ór/diamant/glas) agus faoi cheadúnas CC-BY. Leanfaidh FEÉ ar aghaidh ag obair laistigh dá bpobal taighde le cinntiú a) nach mbeidh airgid FEÉ ag tacú le foilseacháin in irisleabhair hibrideacha nach bhfuil clúdaithe ag comhaontaithe claochlaitheacha agus b) go gcuirtear ceadúnas CC-BY do gach foilseacháin bainte le hairgid FEÉ, ag cinntiú athúsáid agus dáileadh an aschuir taighde FEÉ.

Ó Eanáir 2021, chuir FEÉ foclaíocht na Straitéise um Choimeád na gCearta san áireamh laistigh i ngach cáipéis reachtaíochta agus polasaí. Is é an chiall a ghabhann le sin ná nuair a fhaigheann iarrthóir duais ó FEÉ, beidh siad ag aontú le téarmaí agus coinníollacha Deontais FEÉ a ghlacann tús áite thar chonradh ina dhiaidh sin ar bith cosúil le ceann ó fhoilsitheoir. Cinnteofar go mbeidh gach taighdeoir in ann a gcuid cearta bainte lena saothair a choimeád.

Leanann FEÉ ag obair go gearr le [IRel](#), cuibhreannas ceadúnaithe ríomh-acmhainn maoinithe ar bhonn náisiúnta agus ag tabhairt rochtain ar fáil roimh acmhainní ar líne chuig Institiúidí ardoideachais ar líne. Chuidigh FEÉ le IRel chun maoiniú breise a fháil le haghaidh comhaontuithe claochlaitheacha a fháil, agus faoi dheireadh 2021, rinneadh idirbheartaíocht ar bhreis agus fiche comhaontú claochlaitheach, agus cuid acu le teach foilsitheoireachta ollmhór acu. Tá Comhaontuithe Claochlaitheacha mar pháirt de shraith bearta a thacaíonn le gach uile thaighdeoir lonnaithe in Éirinn a fhad is go n-uasmhéadófar taighde (go poiblí) maoinithe na hÉireann. I dteannta a chéile, tacóidh na bearta seo le hathrú go Rochtain Oscailte 100% mar atá leagtha amach i ngníomhartha an Fhóraithe Taighde Oscailte Náisiúnta (FTON) i dtreo timpeallachta taighde oscailte a fháil. Lena chos sin, bíonn siad ailínithe le polasaí UNESCO maidir le rochtain chomhchoiteann ar eolas, mar sin, ag cuidiú le laghdú na bearna idir thíortha tionsclaithe agus na tíortha sin a bhfuil geilleagar ag teacht chun cinn acu.

Rialachas Ráiteas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, Struchtúr Eagrúcháin agus Fógraí Reachtúla

Comhaltaí an Bhoird d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Comhaltaí an Bhoird ón 30 Aibreán 2022 amach



An tOllamh J. Peter Clinch

Cathaoirleach Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Ceapadh an tOllamh J. Peter Clinch mar Chathaoirleach ar an mBord i mí Lúnasa 2019. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais roimhe seo mar ar thug sé a sheirbhís mar chomhairleoir sinsearach neamhspleách don Rialtas ar iomaíochas, trádáil agus beartas geilleagair. Tá Peter ina iar-Leasuachtarán ar OCBÁC, an ollscoil ina bhfuil sé mar Chathaoirleach na Polasaithe Poiblí Jean Monnet chomh maith leis a ról mar Chomhalta na Dáimhe Cleamhnaithe den chlár iomaíochais ag an Institiúid um Straitéis, i Scoil Ghnó Harvard. Bhí poist chuartaíochta, nó bhí sé ina aoichainteoir sna hollscoileanna seo, i measc ollscoileanna eile, a leanas: Ollscoil California, Berkeley agus San Diego, Ollscoil Oxford, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Southern California agus Scoil Rialtais John F. Kennedy in Ollscoil Harvard. Thug Peter a gcuid comhairle, i measc cuid eile, don Bhanc Dhomhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus do roinnt rialtais agus gníomhaireachtaí eile. Téann eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhairle leis go rialta ar chúrsaí straitéis agus rinne sé obair shuntasach maidir le raon leathan réimsí beartais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal na hEorpa. Tá céim BA agus MA céadonóracha san eacnamaíocht aige, mar aon le PhD, Dioplóma i Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus is céimí de chuid an Chláir Ard bhainistíochta i Scoil Ghnó Harvard é, chomh maith le Clár na Stiúrthóirí Idirnáisiúnta ag Instead. Tá sé in údar le 200 foilseachán agus páipéar ar ghnéithe éagsúla d'fhorbairt gheilleagair inbhuanaithe. In 2017, bronnadh Comhaltacht Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta le haghaidh taighde oirirc agus obair mhór ar bheartas.



Aidan W. Donnelly

Stiúrthóir de Ion Renewables Ltd.

Is Stiúrthóir bunaitheora de Ion Renewables Ltd. é Aidan Donnelly, comhlacht stórála fuinnimh. Tá suim aige i roinnt comhlachtaí réadmhaoine agus timpeallachta tionscnamh chomh maith. Anuas air sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar NORA, gníomhaireacht Rialtais na hÉireann a bhfuil an fhreagracht air as Cúltaisí Náisiúnta Ola na hÉireann. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus ar bhainistíocht cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíríonn ar an teicneolaíocht in Éirinn amhail Xerox (Eoraip) Teo., Quantum Peripheral Products Teo., Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Teo.) agus an ceann is déanaí, ServeCentric Teo. Ar feadh breis agus 12 bhliain, rinne Aidan seirbhís in arm na hÉireann, ina raibh sé ina Chaptaen ar Chór Ordanáis an Airm. Fuair sé MBA (in OÉG), MIE (i gOCBÁC) agus BSc (in OÉG) agus is Stiúrthóir Cairte é le hInstitiúid na Stiúrthóirí in Éirinn.



Máire Geoghegan-Quinn

Iar-Choimisinéir AE maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Bhí Máire Geoghegan-Quinn ina coimisinéir Eorpach do Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh ‘Aontas Nuálaíochta’; chuir sí an Réimse Eorpach um Thaighde chun cinn; agus sheachaid sí an creatchlár taighde ba mhó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 billiún san iomlán le haghaidh taighde agus nuálaíochta). Bhí an fhreagracht pholaitiúil aici as dhá ard-stiúthóireacht – an Ard-Stiúthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. I mí an Mhárta 2021, ceapadh Máire mar chathaoirleach an údaráis rialaithe OÉG (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh). D’fhóin Máire roimhe sin mar TD de chuid Fhianna Fáil le haghaidh thoghcheantar Ghaillimh Thiar (1975–1997); agus bhí líon post aici mar Aire, lena n-áirítear: Aire na Gaeltachta (1979–1981), arbh í an chéad bhean a bhí ina hAire Rialtais ó bunaíodh Stát na hÉireann; an tAire Gnóthaí Eorpacha (1987–1991); agus an tAire Dlí agus Cirt (1993–1994). Tá Céim Dochtúra Dlíthe aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, céim Dochtúra Eolaíochta ó COBÁC (ar honoris causa an dá cheann); agus Légion d’honneur i measc bronnta eile. Tá sí ina Comhalta den Airmheán Eorpach Comhpháirteach Taighde (JCR) Lónra Alumni agus ina Comhalta Oinigh de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



Brendan Harte

Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais, ICON plc

Tá Brendan Harte, FCA ina Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais in ICON Plc, eagraíocht taighde chliniciúil dhomhanda a bunaíodh in Éirinn agus a fhostaíonn tuairim is 40,000 duine. Thosaigh sé ag obair le ICON in 2008 agus bhí roinnt ról dhomhanda aige ar an bhfoireann ardbhainistíochta, le fócas ar phríomhthionscnaimh athraithe, athstruchtúru straitéiseach na samhla gnó agus tacú leis an spreagadh i gcomhair fáis agus luach méadaithe scairshealbhóra. Ina ról reatha, tá sé ina cheannaire ar an fhoireann a bhfuil i mbun ionduchtaithe rathúil agus cuimsiú domhanda a chinntiú maidir le línte gnó nua ceannaithe ag ICON. I ról roimhe seo, d’fhorbair agus stiúir sé foirne móra, ildisciplíneacha atá freagrach as réimsí amhail Tuairisciú Airgeadais, Cuntasaíocht Chorparáideach, Cánachas, Comhlíonadh Reachtúil, agus Íocaíochtaí Imscrúdaitheora. Sular thosaigh sé ag obair le ICON, d’oibrigh sé i ról cheannaireachta le Seirbhísí Airgeadais Hewlett Packard, Accenture, agus Meridian Vat Reclaim. Is Comhalta é an tUasal Harte de Chuntasóirí Cairte na hÉireann.



Declan Hughes

Ardrúnaí cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tá Declan Hughes ina bhall den Bhord Bhainistíochta de chuid na Ranna Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus freagrach as nuálaíocht ghnó, teicneolaíochtaí bunathraitheacha, mac-chuideachta taighde, IP agus caighdeáin, infheistíocht isteach agus déantúsaíocht amach anseo a chur chun cinn. Tá breis agus fiche bliain de thaithí aige maidir le forbairt a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt do pholasaithe fiontar agus nuálaíochta, lena n-áirítear Banc Eolais na hÉireann a thógáil, an Plean Gnímh do Phoist agus tacaíochtaí ghnó maidir le Covid. Bhí sé i gceannas ar fhiontair dhúchasacha de chuid fiontair bheaga agus mheánmhéide, An Rannán Fiontraíochta agus Polasaí Straitéiseach chomh maith leis an Rannóg Airgeadais. Tá sé ina Chomhalta Boird de IDA Éireann, ina chathaoirleach den Choiste Comhairleach de chuid an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha chomh maith leis an Choiste Comhordaithe Fiontraíochta Spáis. Bhí sé ar choistí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta an AE agus tá sé ina bhall de na Coistí Tionscal, Nuálaíochta agus Infheistíochta den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Bhí Declan ar Bhord le Fiontraíocht Éireann, leis an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, le Leasú Eatramhach Soláthair Poiblí agus le Coiste Feidhmiúcháin Ardleibhéil Food Wise, agus chomh maith le sin tá sé ina chomhalta d’Institiúid Stiúthóirí na hÉireann. Roimhe seo chomh maith, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an fhiontair agus Gníomhaireacht STI, Forfás, agus bhí sé mar Cheann na Rúnaíochta do ICSTI. Is céimí Máistreacht céadonóracha de Scoil an Ghnó Smurfit, OCBÁC agus de chlár fheidhmiúcháin ag Scoil an Ghnó Wharton, Institiúid Pháirc Roffey agus Coláiste na Státseirbhíse, Singeapór. Ceapadh Declan ar an Bhord ar an 5 Aibreán 2022.



An tOllamh Ann Leen

Ollamh le Péidiatraic san Ionad Teiripe Cealla agus Géine i gColáiste Leighis Baylor

Is Ollamh le Péidiatraic í Ann Leen san Ionad Teiripe Cealla agus Géine i gColáiste Leighis Baylor agus tá níos mó ná 20 bliain taithí mar imdhíoneolaí aici maidir le forbairt agus ag tástáil teiripí nuálacha T-ceall chun cóireáil a dhéanamh ar ionfhabhtuithe víreasacha agus ar ailse. Tá straitéisí imdhíona-theiripeacha forbartha agus curtha i bhfeidhm go cliniciúil aici chun speictream galair a chóireáil lena n-áirítear mialóma, liomfóma, leaicéime, ailse phaincréasach agus COVID-19. Faoi láthair, tá sí ina príomh-imscrúdaitheoir ar chúig staidéar maidir le Drugaí Nua Imscrúdaithe (IND) arna thionscnamh ag imscrúdaitheoir agus le 10 mbliana anuas bhí sí ina PI ar bhreis agus deich dtríail chliniciúil agus í a úsáid teiripí cille “ar dhaoine don chéad uair” dá hothair. Bhunaigh sí dhá chuideachta - Marker Therapeutics agus AlloVir - agus feidhmíonn sí mar Phríomhoifigeach Eolaíochta AlloVir. Is údar sinsearach nó comhúdar í an tOllamh Leen ar níos mó ná 100 foilseachán faoi athbhreithniú piaraí agus tá sí ina haireagóir ainmnithe ar 14 phaitinn a eisíodh. Rinne sí athbhreithniú freisin ar lámhscríbhinní le haghaidh irisleabhair éagsúla agus d’fhóin sí mar phiarmheasúnóir deontas do ghníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá céim PhD ag an Ollamh Leen in Imdhíoneolaíocht ó Institiúid CRC um Staidéar Ailse i mBirmingham, sa RA agus BSc sa bhithcheimic ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



An tOllamh Liam Madden

Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Bainisteoir Ginearálta Ghrúpa Sreangaithe agus gan Sreang ag Xilinx

Tá an tOllamh Liam Madden i gceannas ar eagraíocht ghairmithe T&F ar fud an domhain, lena n-áirítear foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus mar Bhainisteoir Ginearálta tá sé freagrach freisin as ghnó an bhonneagair Shreangaithe agus Gan Sreang. Chaith an tOllamh Madden níos mó ná 30 bliain i dtionscal leathsheoltóra SAM, áit ar chuidigh sé le raon táirgí agus teicneolaíochtaí atá chun tosaigh sa tionscal. Bunaithe in Silicon Valley, d’oibrigh sé le cuideachtaí bunaithe agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO rathúil. Bíonn an tOllamh Madden ag caint go minic ag imeachtaí ollscoile agus tionscail ar fud an domhain. Tá chúig phaitinn aige sa teicneolaíocht leathsheoltóra. Tá sé ina Chomhalta d’Innealtóirí Éireann agus tá sé ina Ollamh Cúnta le hInnealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Cumarsáide ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Gráinne McAleese

Príomh-Oifigeach Airgeadais Leasghrúpa de UDG Healthcare plc

Is ceannasaí gnó sinsearach í Gráinne McAleese a bhfuil taithí aici ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal coiste feidhmiúcháin i ról airgeadais agus cheannaireachta, sa tionscal cógaisíochta agus biteicneolaíochta den chuid is mó. Tá Gráinne ina Príomh-Oifigeach Airgeadais Leasghrúpa faoi láthair do UDG Healthcare plc, comhlacht domhanda le ceannáras suite in Éirinn acu a sholáthraíonn seirbhísí nuálacha seachfhoinisithe do chomhlachtaí cúraim sláinte. Roimh UDG Healthcare, d’oibrigh sí mar Bhainisteoir Ginearálta d’Éirinn agus Leas-Uachtarán Airgeadais le Alexion Pharmaceutical, cuideachta biteicneolaíochta SAM i gcomhair galair neamhchoitianta. Chaith an tUasal McAleese 10 mbliana ag obair le Elan Corporation, plc sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn i ról airgeadais chorparáidigh éagsúla, chomh maith le ról ghrúpaí straitéiseacha, agus le déanaí mar Rialaitheoir Corparáideach agus Príomhoifigeach Cuntasaíochta. Tá an tUasal McAleese ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cuntasóir Poiblí Deimhnithe sna Stáit Aontaithe, agus tá céim Baitsiléara agus Mháistreachta aici ó OCBÁC.



Cliona Murphy

Leas-Uachtarán T agus F, Dearbhú Cáilíochta Domhanda, PepsiCo

Tá Cliona Murphy ina Leas-Uachtarán T agus F, de Dhearbhú Cáilíochta Domhanda le PepsiCo. Sa ról seo tá sí freagrach as na beartais agus na caighdeáin cháilíochta a forbraíodh agus a úsáidtear ar fud phunann iomlán PepsiCo agus as comhlíonadh a fhíorú agus a chinntiú maidir leo. Tá sí i gceannas freisin ar chlár Million Women Mentor PepsiCo ar fud an domhain. Thosaigh Cliona ag obair le PepsiCo i 1997 agus d'oibrigh sí i róil éagsúla ceannaireachta T agus F, agus róil slabhra soláthair thar chóras an PepsiCo san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe, sa tSín, san Áise agus in Éirinn. Is Innealtóir Cairte í a bhfuil Céim san Innealtóireacht aici ó Choláiste na Tríonóide agus MSc i mBia, Cothú & Sláinte ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Roimhe seo bhí Cliona ina ball d'Údarás Teagasc. Tá Cliona ina Comhalta an Bhoird do STEM an Iardheiscirt, ina ball den Choiste Stiúrtha de chuid Tionscnamh um Shábháilteacht Bia Dhomhanda agus ina ball de Chomhairle an Phropaist, CTBÁC.



An tOllamh Phillip Nolan

Ard-Stiúrthóir FEÉ

Ceapadh an tOllamh Phillip Nolan mar Ard-Stiúrthóir FEÉ, an príomh-mhaoinitheoir náisiúnta maidir le taighde bunúsach agus feidhmeach i réimsí na heolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice, le héifeacht ón 17 Eanáir 2022.

Roimhe seo, bhí sé mar Uachtarán Ollscoil Mhaigh Nuad, ó 2011-2021, agus is ansin ar bhunaigh sé straitéis nua don Ollscoil mair leis a dtaighde agus leis a ngníomhaireachtaí teagaisc agus rannpháirtíochta, bearta a chuidigh go mór le fás agus éagsúlacht an teagaisc agus taighde nár tharla go dtí seo, chomh maith le toilleadh taighde na hOllscoile a mhéadú faoi dhó. Chuir sé go mór le forbairtí tábhachtacha i gcúrsaí ardoideachais in Éirinn, go háirithe maidir leis an athrú ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal a athchóiriú, agus rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú mar aon le comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn.

Bhain an tOllamh Phillip Nolan a gcéimeanna i bhFiseolaíocht (1988) agus i Leigheas (1991) amach ó OCBÁC, faoi seach, agus ina dhiaidh sin, bronnadh PhD i bhFiseolaíocht ar as a cuid taighde ar rialú an anáilithe agus rialú an chórais chardashoithíoch i rith an chodlata. Is taighdeoir an-inniúil é, le suimeanna i gcórais bhraiteoirí próiseála fiseolaíochta agus córais rialuithe araon, agus i bhfoilseacháin sna hirisleabhair mhóra le rá sa réimse. Bhí sé páirteach le baill fhoirne acadúla na Ranna Anatamaíochta agus Fiseolaíochta Daonna, OCBÁC IN 1996, agus d'éirigh leis Duaiseanna an Uachtaráin maidir le Taighde agus Teagasc araon a fháil. Ceapadh ina Stiúrthóir d'Institiúid Taighde Bhithmhóilínigh agus Bithleighis Conway é sa bhliain 2003, roimh dó a bheith ina Chláraitheoir agus Leasuachtarán OCBÁC in 2004, is ansin go raibh sé i mbun athchóirithe na n-institiúidí iomláine ar churaclam na bhfochéimithe, clár Horizion OCBÁC, agus bhí sé freagrach as rannpháirtíocht a rochtain agus a leathnú, as staidéir iarchéime, as páirtíochtaí idirnáisiúnta, agus as seirbhísí leabharlainne agus teicneolaíochta faisnéise.

Le linn 2020 agus 2021, bhí ról lárnach ag an Ollamh Nolan maidir le bainistiú na paindéime COVID-19, agus é ina Chomhalta den Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Phoiblí, agus mar chathaoirleach dá bhfoghrúpa maidir le heiseamláiriú na ngalar. Tá sé ina Chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann, agus Comhalta Oinigh do Dhámh na Míochaine Sláinte Phoiblí de chuid Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann.

Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 7 den Acht, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (“an tAire” ó seo amach) agus freagrach as dea-rialú a chinntiú, agus tugann siad aghaidh ar an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chur agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. In Alt 7(4) den Acht ceanglaítear ar an mBord cloí leis na treoracha ginearálta sin a bhaineann le beartas i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a thabharfadh an tAire. Is é an tArd-Stiúrthóir, an Coiste Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as rialú agus treoir laethúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Socraíonn an Bord ton eiticíúil an Fhorais freisin trína chinntiú go bhfuil luachanna, dea-chaidheáin rialachais agus iompraíocht eiticíúil FEÉ le sonrú ar fud an Fhorais.

Cloíonn an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht ardbhainistíochta FEÉ.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar an Bhoird, ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá:

- ▶ Ceadú an Phlean Straitéisigh
- ▶ Léargas ginearálta na n-oibríochtaí agus athbhreithniú feidhmíochta na Fondúireachta
- ▶ Ceadú na ráitis airgeadais bliantúla de chuid na Fondúireachta
- ▶ Ag ceapadh an Ard-Stiúrthóir
- ▶ Dearbhú leasanna na gComhaltaí
- ▶ Tuarascálacha ó fhochoistí an Bhord a fháil
- ▶ Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na Fondúireachta le gach dlí agus Cód Chleachtais is feidhme
- ▶ Ceadú an Bheartais Bainistíochta Riosca

In Alt 24 den Acht ceanglaítear ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Fondúireachta:

- ▶ beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus a dhearbhu más amhlaidh gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tArd-Stiúrthóir agus bainistíocht shinsearach na Fondúireachta, freagrach as taifid chuntasaíochta sásúla a choinneáil, ina nochtar a gcuid seasaimh airgeadais, le cruinneas réasúnta ag aon am ar bith, agus é a éascú go mbeidh na ráitis airgeadais géilleadh d'alt 24 den Acht.

Tá na cuntais seo ceadaithe ag an Bhord agus curtha ar aghaidh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchadh a luaite agus is féidir tar éis críochna bliana. Tá coimeád agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta faoi fhreagracht an Ard-Stiúrthóir agus na bainistíochta sinsearacha. Tá an Bord freagracht as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú.

Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Fondúireachta faoi threoír an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar an 13 Nollaig, 2021. Rinne an Bord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca den chuid is mó, measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúig agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú. Tá an Fhondúireacht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá an Bord, tríd an Ard-Stiúrthóir agus tríd an bhainistíocht shinsearach, freagrach chomh maith as a gcuid sócmhainní a chosaint, agus sin an fáth gur ghlacadh céimeanna réasúnta eile chun aimsiú an chalaiois agus na neamhrialtachtaí eile a chosc. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais FEÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Fondúireachta amhail an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr agus Coistí an Bhoird agus

De ghnáth bíonn Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta arna cheapadh ag an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá scileanna agus saineolas riachtanacha agus moltacha ag na Comhaltaí Boird neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin chun straitéis agus beartais leathana na Fondúireachta a leagadh amach agus maoirseacht a dhéanamh ar an chur chun feidhme. Tháinig an Bord FEÉ le chéile seacht n-uaire le linn 2021. Taispeánann an tábla síos na sonraí a ghabhann le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí le linn 2021:

Comhalta Boird	Ról	Dáta a Ceapadh
An tOllamh J. Peter Clinch	Cathaoirleach	01/08/2019
An tOllamh Mark Ferguson	Ard-Stiúrthóir	16/01/12 (éirithe as ar 16/01/22)
An tOllamh Sir Tom Blundell	Comhalta Boird	19/11/14 (éirithe as ar 30/04/2022)
An tUasal Aidan Donnelly	Comhalta Boird	05/12/13 (athcheaptha ar 17/06/21)
An tUasal Máire Geoghegan-Quinn,	Comhalta Boird	11/04/18
An tUasal Brendan Harte	Comhalta Boird	17/12/19
An tOllamh Ann Leen	Comhalta Boird	10/09/20
An tOllamh Liam Madden	Comhalta Boird	01/02/13 (athcheaptha ar 17/06/21)
Ms Gráinne McAleese	Comhalta Boird	25/10/18
An tUasal Clíona Murphy	Comhalta Boird	10/09/20

Cothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird

Faoin 31 Nollaig 2021, bhí ceathrar bhean (40%) agus seisear fhear (60%) ar an Bhord, le dá phost folamh. Ceapadh duine le ceann amháin do na folúntais seo ar an 5 Aibreán 2022 ó dhuine ainmnithe den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Mar sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha síos ag an Rialtas maidir le go léireofar hionadaíocht 40% ar a laghad den dá inscne i gcomhaltaí mBord Stáit. Measfar riachtanas na cothromaíochta inscne nuair a bheas ceapacháin déanta ar na folúntais thuas luaite trí Sheirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR), ina bhfuil cúig comhalta ann, leis an Bhord maidir lena bhfreagrachtaí le haghaidh riosca, rialú, rialachas agus teanntás bainte leis. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar an gcóras rialuithe inmheánach agus cosaintí airgeadais, déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus déanann sé iniúchtaí ar dheontais FEÉ a thugtar d’institiúidí seachtracha. Cinntíonn an coiste go bhfuil córas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí maolaitheacha agus go gcoinnítear suas chun dáta é. Déanann an coiste monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar thuarascálacha airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn rialta lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an coiste freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna nuashonrú i Meán Fómhair 2016.

Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain. De ghnáth bíonn cúigear ball ar an gCoiste lena n-áirítear ball seachtrach amháin ar a laghad. Is ionann Comhaltaí reatha an Choiste agus Brendan Harte (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Gráinne McAleese, Stephen O’Connor (a tháinig ar bhord an choiste ar an 30 Márta 2020) agus Clíona Murphy (a tháinig ar bhord an choiste ar an 8 Nollaig 2020). Tá Stephen O’Connor ina chomhalta coiste seachtrach agus freastalaíonn an Ardstiúrthóir ar na cruinnithe uile. Bhí seacht gcruinniú de CIR le linn 2021.

Coiste Comhairleach Ainmiúchán an Bhoird

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Comhairleach Ainmiúchán an Bhoird (CCA) agus breithníonn sé na scileanna a theastaíonn don Bhord, chomh maith le réimsí saineolais agus tugann siad comhairle don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá réir sin nuair a thagann folúntas sa Bhord chun cinn. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is ionann baill reatha an Choiste agus an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tOllamh Phillip Nolan agus an tOllamh Ann Leen. Ní raibh cruinniú an Choiste ar bith ann in 2021.

An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tá an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair déanta amach as ceathrar comhalta agus bunaíodh é chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhreithmheas an Chathaoirligh maidir le feidhmíocht an Ardstiúrthóra i gcoinne na gcuspoirí pearsanta comhaontaithe; athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hardbhainistíochta; maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil comharbais eatramhach don Ardstiúrthóir agus don bhainistíocht shinsearach faoi réir na gceanglas de bhun an phróisis earcaíochta iomaíoch; maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas measúnuithe na mball foirne; agus athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair na hardbhainistíochta i gcomhthéacs le beartas agus treoir an Rialtais agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais measúnuithe. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad baill reatha an Choiste an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tUasal Aidan Donnelly, an tUasal Gráinne McAleese agus an tUasal Clíona Murphy (a ceapadh an 8 Feabhra 2021). Bhí cruinniú amháin ag an Choiste in 2021.

Coiste Ceada Deontas

Tugtar an chumhacht don Choiste Ceada Deontas FEÉ (CCD), ina bhfuil cúigear comhalta ann, tograí maidir le deontais taighde a cheadú i gcomhréir leis na leibhéil údaráis tarmligthe arna cheadú ag an Bhord. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas comhalta an Choiste: An tOllamh Liam Madden (Cathaoirleach), an tOllamh Sir Tom Blundell, Ciaran Conlon, an tOllamh Ann Leen agus an tOllamh Phillip Nolan. Tháinig Ciaran Conlon ar bhord an choiste mar chomhalta seachtrach ar an 30 Márta 2020. Tháinig an tOllamh Ann Leen ar an Choiste ar an 7 Nollaig 2020. Bhuail an Coiste le chéile sé huaire in 2021.

An Coiste Earcaíochta

Bunaíodh Coiste Earcaíochta an FEÉ ar an 8 Meitheamh 2020 chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar phríomhghnéithe den phróiseas chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh in Eanáir 2022. Tá triúr comhalta ar an Choiste: an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), Gráinne McAleese agus Aidan Donnelly. Bhí ceithre chruinniú ag an Choiste le linn 2021 agus ceapadh an tOllamh Phillip Nolan mar Ardstiúrthóir FEÉ ina sin ar 17 Eanáir 2022.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí le haghaidh 2021 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

	An Bord	Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Coiste Ceada Deontas	Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird	An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair	An Coiste Earcaíochta	Táillí 2021 €	Costais 2021 €
Líon na gCruinnithe	7	7	6	0	1	4		
An tOllamh J. Peter Clinch	7				1	4	0	0
An tOllamh Mark Ferguson	7		6				0	0
An tOllamh Sir Tom Blundell	6		3				€11,970	0
An tUasal Aidan Donnelly	7	7			1	4	€11,970	0
An tUasal Máire Geoghegan-Quinn,	7						€11,970	0
An tUasal Brendan Harte	7	7			1		€11,970	0
An tOllamh Ann Leen	7		5				0	€443
An tOllamh Liam Madden	7		5				0	0
Ms Gráinne McAleese	7	7				4	€11,970	0
An tUasal Clíona Murphy	6	7					0	0
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*							€20,520	0
Iomlán							€80,370	€443

Íoctar táillí le baill an bhoird mar a chinneann an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socruithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh J. Peter Clinch agus an tOllamh Mark Ferguson.

**Maidir leis an Ollamh J. Peter Clinch, tríd an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (an DBEI), thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann costais An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (mar fhostóir) a fhritháireamh maidir leis an Ollamh J. Peter Clinch a scaoileadh chun fónamh ar Bhord FEÉ suas leis an táille ábhartha do phost an Chathaoirigh.*

Ina theannta sin, tharscaoil triúr ball den Bhord, an tOllamh Liam Madden, an tOllamh Ann Leen agus an tUasal Clíona Murphy a dtáillí boird.

Príomhathruithe an Phearsanra:

Ní raibh ceapachán nua ar an Bhord le linn 2021 agus d’éirigh an tOllamh Liam Madden agus Aidan Donnelly óna gcuid poist agus ansin athcheapadh ar an Bhord iad ón Aire ar an 17 Meitheamh 2021, i dtéarmaí Alt 9 (3) den Acht. D’éirigh Mark Ferguson as an Bhord ar an 16 Eanáir 2022 agus ceapadh an tOllamh Phillip Nolan leis an Bhord ar an 17 Eanáir 2022. D’éirigh an tOllamh Sir Tom Blundell as an Bhord ar an 30 Aibreán 2022. Ceapadh an tUasal Declan Hughes ar an Bhord ar an 5 Aibreán 2022.

Nochtadh arna Cheangal leis an Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le ceanglais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtaithe seo riachtanach tríd an Chód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Réimse		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2021	2020
€60,000	€69,999	11	12
€70,000	€79,999	16	9
€80,000	€89,999	7	1
€90,000	€99,999	0	3
€100,000	€109,999	6	9
€110,000	€119,999	6	1
€120,000	€129,999	-	1
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,999	2	1
€150,000	€159,999	-	-
€160,000	€169,999	2	2
€170,000	€179,999	-	-
€180,000	€189,999	-	-
€190,000	€199,999	-	1
€200,000	€209,999	1	-

Nóta: Chun críocha an nochtá sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais comhairleoireachta costas na comhairle seachtraí agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2021	2020
Comhairle dhlíthiúil	€248,089	€283,364
Comhairle Caidreamh Poiblí	€126,938	€126,234
Comhairle um Ionracas Taighde	€85,359	€37,112
Athbhreithniú ar Chlár Infreastruchtúir Taighde	€47,478	-
Comhairle faoi Acmhainní Daonna agus Pinsin	€34,377	€81,480
Comhairle maidir le soláthar	€26,752	€19,099
Suirbhé Náisiúnta COVID-19	€24,388	-
Comhairle maidir le cáin agus airgead	€5,124	€60,270
Eile	€42,000	€59,839
Comhairle faoi chomhlíontacht i gcás Státchabhrach	-	€100,620
Táillí comhairleachta i leith aistriú chuig áitreabh nua	-	€47,064
Iomlán	€640,505	€815,082
Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe	-	€47,064
Costais chomhairleoireachta gearrtha ar chúlchistí ioncaim agus caiteachais coinnithe	€640,505	€768,018
Iomlán	€640,505	€815,082

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tá caiteachas a thabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair FEÉ nochtta sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas. Níor tabhaíodh aon chostas dlí, socraíochtaí nó costais eadrána agus idir-réitigh sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar seo a leanas:

	2021	2020
Intíre		
- Bord*	€443	€1,942
-Fostaithe	€14, 110	€11,839
Idirnáisiúnta		
- Bord*	-	(€3,483)
-Fostaithe	€2,151	€73,554
Iomlán	€16,704	€83,852

* Ní raibh costais taistil agus cothabhála íoctha go díreach ar Chomhaltaí an Bhoird le linn 2021. Is ionann an costas de €443 agus costais lóistín díreacha íoctha ag FEÉ.

Caiteachas Fáilteachais

Clúdaítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Chuntas Ioncaim agus caiteachais:

	2021	2020
Fáilteachas foirne	€2,222	€3,788
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán	€2,222	€3,788

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon FEÉ an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2021.

Bainistíocht Riosca

Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann Straitéis agus Beartas Riosca FEÉ, ina leagtar amach an córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina leagtar amach róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le bainistíocht riosca. Rinneadh é seo a nuashonrú in 2020. Is é beartas na Fondúireachta cloí leis an dea-chleachtas um bainistíocht riosca. Sa Bheartas agus sa Straitéis leagtar amach an próiseas trína ndéanann an Fhondúireacht na príomhrioscaí a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shainaithint agus conas dul i ngleic leo. Cuireann an Coiste Bainistíochta Rioscaí na rioscaí i dtoll a chéile le hionchur agus tacaíocht ón gCoiste Feidhmiúcháin agus déantar tuarascáil ina leith ag eatraimh rialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca FEÉ agus don Bhord, lena n-áirítear bearta, rialuithe agus nuashonruithe gaolmhara um maolú. Rinne an Bord measúnú ar príomhrioscaí FEÉ, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúig agus bearta nó straitéisí gaolmhara.

Struchtúr Eagrúcháin

Faoi dheireadh mí Aibreán 2022



Foireann Feidhmíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



An tOllamh Phillip Nolan, **Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann**

Féach ar a phróifíl iomlán ar leathanach 46.



An Dr Ciarán Seoighe **Leas-Ardstiúrthóir**

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstiúrthóir in Eanáir 2018. Ina ról, tá Ciarán freagrach as Straitéis Eagraíochtúil, Cumarsáid Chorparáideach agus foireann idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Lena chois sin, déanann sé ionadaíocht ar son an Ard-Stiúrthóra, de réir mar is gá. Chuaigh Ciarán le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh beagnach fiche bliain i gcomhairleacht bainistíochta le Accenture. I rith a chuid ama le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas araon, d'oibrigh Ciarán le cuid de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá BA (Mod) aige san Eolaíocht Nádurtha agus PhD san Fhísic Chandamach ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC. Tar éis dó teacht ar bhord le FEÉ, bhí Ciarán i gceannas ar fhorbairt na straitéise nua de chuid FEÉ agus bhí sé ina rannpháirtí rialta ar straitéisí agus tionscnaimh náisiúnta lena n-áirítear Bord Comhairleach an Chiste Nuálaíochta maidir le Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha, Bord Comhairleach Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí agus an tionscnamh comhairliúcháin poiblí maidir le 'Ag Cruthú Ár dTodhchaí'. Tugann sé flúirse taithí thar raon éagsúil leis, do réimsí cosúil le hathruithe ar scála mór a chomhlíonadh, mar aon le tionscnaimh nuálaíochta, straitéiseacha agus athruithe.



An tUasal Donal Keane **Príomhoifigeach Oibríochtaí**

Ceapadh an tUasal Donal Keane mar an Príomhoifigeach Oibríochtaí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 1 Samhain 2005. Tá sé freagrach as Rialú Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais Deontas, Córais Faisnéise, Líonraí TF, Cosaint Sonraí/RGCS, Beartas Taighde agus idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Iniúchta Inmheánaigh maidir le hiniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha deontas. Tháinig Donal go FEÉ ó IADT Dún Laoghaire, ina raibh post mar Rúnaí agus Rialaitheoir Airgeadas ó 1997 go 2005. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta sinsearaí ag Donal in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Bhí Donal ina chomhalta chomh maith ar Choistí Iniúchóireachta Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (Strasbourg) agus BBSRC (cuid de UKRI anois) le blianta beaga anuas. Tá céim Bhaitisiléara sa Tráchtála ag Donal ó COBÁC agus is Comhalta é ar Institiúid Chairte na gCuntasóirí in Éirinn.



An Dr Abigail Ruth Freeman

Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Is Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí in FEÉ í An Dr Abigail Ruth Freeman. Tá sí i gceannas ar Chláir Taighde stiúrtha go haonarach agus Ionaid le haghaidh Oiliúint Taighde, Taighde bunaithe ar Dhúshláin agus Rannpháirtíocht Oideachais agus Poiblí ag an Fhondúireacht. Tá guth Ruth le cloisteáil go minic ar na meáin agus tá sí ina rannpháirtí seachtainiúil ar Seó Pat Kenny ar raidió Newstalk. Roimh a ceapachán reatha faoi láthair, bhí sraith phoist ag Ruth i bhFEÉ. Ceapadh í ina Stiúrthóir na Straitéisí agus Cumarsáidí in 2013, tar éis dí a bheith i mbun róil eile, ar nós Stiúrthóir na Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais agus Stiúrthóir na gClár, Fondúireachta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta. Chuaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir Clár Eolaíochta i Samhain 2006. Sula raibh sí ag an Fhondúireacht, d'obair sí mar thaighdeoir ag Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath. Tá Ba agus PhD i gcúrsaí na géinitice aici chomh maith le dioplóma iarchéime i Staitisticí ó Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, áit ar bhronnadh scoláireacht na Tríonóide, an duais Cheimice Eli Lilly agus an Duais Bhitheolaíochta Roberts.



An Dr Siobhan Roche

Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir FEÉ na hEolaíochta don Gheilleagar in 2018. Tá freagracht aici straitéis FEÉ i ndáil le cláir maoinithe iomaíoch a chuidíonn le forbairt na gcomhoibrithe taighde nuálacha lena n-áirítear comhlachtaí, idir móra agus beaga, ilnáisiúnta agus dúchasach, taighdeoirí acadúla agus páirtithe leasmhara eile. D'oibrigh Siobhán laistigh d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar feadh roinnt blianta, go déanaí mar Cheann Iar-dhámhachtainí agus Ionaid Taighde FEÉ, i ndiaidh a ról mar Cheann na gComhpháirtíochtaí agus Bainisteoir Clár Eolaíoch. Tugann Siobhán taithí mar eolaí taighde léi ón earnáil phríobháideach, nuair a bhí sí ag obair le Exelixis Inc. sna SAM agus comhlacht tionscnaimh géanóm an duine, na hÉireann, Hiberger Inc., agus nuair a bhí sí ina Ceann Grúpa ag CTBÁC agus Otharlann Phádraig. Scríobh Siobhán foilseacháin in irisleabhar príomha, piarmheasúnaithe, fuair sí maoiniú taighde iomaíoch náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá roinnt paitinn idirnáisiúnta aici. Tá BA aici i gcúrsaí géinitice mar aon le PhD i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus Cille ó Ollscoil California in Berkeley (SAM).

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

1. Comhaltaí Boird – Clárú Leasanna

Feidhmíonn an Bord de réir na bunphrionsabail um dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh, agus i gcomhréir leis na treoirlínte arna leagadh amach sa Chód Cleachtais le haghaidh rialachas na bhForas Stáit 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ngníomhaíochtaí agus ina n-úsáid na Coistí araon. Cláraíonn comhaltaí an Bhoird FEÉ a gcuid leasanna i dtiomantais eile leis an Rúnaí, i gcomhréir leis na treoirlínte sin.

2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Tá FEÉ ag brath ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus leanann siad ar aghaidh ag géilleadh d'fhorálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinneadh comhlacht forordaithe d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ón 31 Bealtaine 2006 i leith. Cloíonn FEÉ go hiomlán leis an Acht. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht a sheoladh ar aghaidh chuig Oifigeach Saorála Faisnéise, Plás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. In 2021, fuair FEÉ cúig iarratas shaoráil faisnéise.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

4. (i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Feidhmíonn FEÉ faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is é beartas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm lenar féidir le FEÉ gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta ar gach slí ábhartha.

4. (ii) Íocaíocht phras le soláthraithe

Tá FEÉ tiomanta dá oibleagáid a chomhlíonadh faoin Riail Íocaíochta Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011. Leis an bhforáil sin cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn FEÉ go ráithiúil sa chuid 'Eolas Fúinn - Rialachas - Seirbhís do Chustaiméirí' ar an suíomh Gréasáin ar chur i bhfeidhm na Rialach um Íocaíochtaí Pras 15 lá. <http://www.sfi.ie/about-us/governance/customer-service/>

1. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Tacaíonn FEÉ le prionsabal na gcomhdhiseanna i gcúrsaí fostaíochta. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, gnéaschlaonta, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó ceantar tionscnaimh), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do chur chun feidhme comhdhiseanna ina beartais, úsáid as teanga neamh-idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnaítear agus go gcaitear le gach ball foirne ar bhonn a gcumas, a n-eolas agus a gcáilíochtaí.

2. An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh nochtadh cosanta ar bith do FEÉ in 2021.

3. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010.

I gcomhréir leis an Acht thuas, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le ÚFT bearta cuí chun feidhme chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuariteoirí ar fad laistigh dá hoifigí a chosaint.

4. Cairt Cliant

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Cairt Cliant ina leagtar amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin. Cuimsítear sa chairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. In 2021, ní raibh gearán ar bith tugtha faoin chairt.

5. Tuairisciú a dhéanann Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Tá oibleagáidí tuairiscithe fuinnimh áirithe ag an Roinn Phoiblí, faoin Ionstraim Reachtuil (IR) 542/2009 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus le seirbhísí fuinnimh), 2009. Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe i bPlás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá FEÉ sásta go ndéanann sé a dhícheall leas a bhaint as na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus is féidir.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021

Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Science Foundation Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Science Foundation Ireland for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Science Foundation Ireland at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Science Foundation Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

Science Foundation Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

21 June 2022

Appendix to the report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 24 of the Industrial Development (Science Foundation Ireland) Act 2003
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
